

inniu, amárach, le chéile

RTÉ

**Treoirlínte Iriseoireachta agus Ábhair RTÉ** | An Tríú Eagrán 2020

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| | Brollach | 2 |
| | Réamhrá | 3 |
| **Cuid 1** | Róil agus Réimsí Freagrachta | 5 |
| **Cuid 2** | Bord Caighdeán Eagarthóireachta RTÉ | 6 |
| **Cuid 3** | Prionsabail Eagarthóireachta RTÉ – Iontaoibh, Cruinneas & Neamhchlaontacht | 7 |
| **Cuid 4** | Cothrom na Féinne | 10 |
| **Cuid 5** | Ionracas agus Neamhspleáchas Eagarthóireachta | 12 |
| **Cuid 6** | Príobháideachas agus Leas an Phobail | 15 |
| **Cuid 7** | Tuairisceoireacht maidir le Léigear agus Daoine nó Feithiclí a Fhuadach | 20 |
| **Cuid 8** | Leanaí | 21 |
| **Cuid 9** | Cúrsaí Creidimh | 22 |
| **Cuid 10** | Féinmharú | 24 |
| **Cuid 11** | Trácht ar Chúrsaí Polaitíochta agus ar Chúrsaí Toghcháin | 25 |
| **Cuid 12** | Díobháil agus Masla | 28 |
| **Cuid 13** | An Tairseach agus Sceidil | 31 |
| **Cuid 14** | Cuntasacht | 32 |
| **Cuid 15** | Dliteanas faoin Dlí agus an Caidreamh le Gnóthaí Dlí | 33 |
| **Cuid 16** | RTÉ agus an Rialachán GDPR | 34 |
| **Cuid 17** | Comórtais agus Duaiseanna | 36 |
| **Cuid 18** | Fógraíocht, Urraíocht agus Léiriú Táirgí | 39 |
| **Aguisín** | Grúpa Stiúrtha RTÉ & Beartaíocht Polaitíochta | 40 |

# Brollach

## Tá leasú á dhéanamh den tríú uair ar Threoirlínte Iriseoireachta RTÉ a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 2012. San eagrán is deireanaí seo, tugtar san áireamh athruithe móra ar réimse na meán cumarsáide ó foilsíodh eagrán leasaithe na bliana 2014 de na Treoirlínte Iriseoireachta.

Bord Caighdeán Eagarthóireachta RTÉ a chuir Treoirlínte Iriseoireachta agus Ábhair RTÉ 2020 le chéile. Tá athruithe déanta orthu mar gheall ar a dtaithítear i mbun na hoibre ó lá go lá; mar gheall ar leasú na reachtaíochta, mar gheall ar cheisteanna nua agus ar réimsí dúshláin nua atá tagtha chun cinn. Tá siad ag teacht leis an straitéis maidir le "Aon RTÉ Amháin" agus tagann Ábhar uile RTÉ faoina scáth.

Baineann na treoirlínte seo le gach cineál ábhair gan bheann ar an ardán ar a bhfoilsítear é. Tá codanna áirithe a bhaineann go mór leo siúd a oibríonn ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha go háirithe.

Ba cheart go mbeadh aird freisin ag an uile dhuine a oibríonn i mbun ábhar a chruthú agus cláracha a dhéanamh ar gach dualgas a chomhlíonadh a leagtar amach i gCóid éagsúla de chuid an Údaráis Craolacháin maidir le gnéithe eagarthóireachta agus gnéithe tráchtála de ghnóthaí cumarsáide agus i gcóid agus i bpolasaithe eile de chuid RTÉ féin a bhaineann go sonrach le hábhar.

Fágfaidh cora nua go tréan rialta i réimsí na teicneolaíochta go dtiocfaidh athrú ar mhodhanna iriseoireachta agus ar na modhanna ina gcuirtear ábhar RTÉ i láthair. Beidh na príomhphrionsabail iriseoireachta, iontaoibh, cruinneas, cothroime, neamhspleáchas agus feidhmiú ar mhaithe le leas an phobail, ina mbonn daingean i gcónaí faoi obair uile RTÉ, gan bheann ar an ardán foilsiúcháin.

Tá ceangailte ar an uile dhuine atá ag obair do RTÉ, nó thar ceann RTÉ, maidir le hábhar a chur ar fáil – is cuma cén t-ardán atá i gceist – déanamh de réir na dTreoirlínte seo. Meabhraítear go bhféadfadh toradh tromchúiseach, ó thaobh cúrsaí rialacháin agus/nó dlí, a theacht de bharr neamhchomhlíonadh na dtreoirlínte.

Tá de chuspóir leis na Treoirlínte seo go gcaomhnófar leo neamhspleáchas eagarthóireachta na heagraíochta agus muinín an phobail as ábhar RTÉ.

Is mian le RTÉ buíochas a ghlacadh le craoltóirí seirbhíse poiblí eile, BBC, S4C agus ABC Australia ina measc, agus leis an Údarás Craolacháin agus le hAontas Craolacháin na hEorpa, a n-admhaítear úsáid a bhaint as ábhar dá gcuid mar bhunfhoinsí agus na treoirlínte seo á ndréachtú.

**Dee Forbes**
Príomh-Stiúrthóir RTÉ
Iúil 2020

# Réamhrá

## Tugtar léargas ginearálta sna Treoirlínte seo ar an gcaoi a gcuireann RTÉ an meon agus na prionsabail eagarthóireachta i bhfeidhm maidir le hábhar a chruthú do na hardáin go léir.

Is 'treoir don úsáideoir' atá ann agus leagtar amach, maidir le roinnt réimsí faoi leith, cur chuige RTÉ i ndáil le hábhar a chruthú agus cláracha a dhéanamh.

Ní thiocfaidh na Treoirlínte seo in ionad fhreagracht phearsanta na ndaoine atá i mbun ábhar a chruthú nó clár a dhéanamh luachanna agus bunphrionsabail RTÉ maidir le hionracas, cothrom na féinne, leathanaigeantacht, féinbhreithiúnas a chur i bhfeidhm agus an t-ábhar a bheadh le foilsiú againn á mheas acu.

### Dualgais Éigeantacha

Tá éigeantas ag baint le dualgais áirithe sna Treoirlínte seo agus cuirtear iad sin i láthair i mboscaí gorma.

Baineann na Dualgais Éigeantacha le cinntí a bhféadfadh ceisteanna maidir le cúrsaí dlí agus rialacháin a theacht chun cinn ina leith chomh maith le cur isteach ar dhea-chlú agus ar ionracas eagarthóireachta RTÉ.

Ní mór cásanna a chur faoi bhráid go luath-thráthúil ionas go mbíonn dóthain ama ar fáil chun aon cheisteanna a thiocfadh i gceist a thabhairt faoi mheas.

Tá de dhualgas ar gach duine a mbíonn baint acu le hábhar a chruthú agus le cláracha a dhéanamh eolas a chur ar a bhfuil sna Treoirlínte seo agus cloí leo.



Cuid 1

# Róil agus Réimsí Freagrachta

## 1.1 Freagracht Eagarthóireachta

Leagtar an fhreagracht eagarthóireachta taobh istigh de RTÉ ar an slabhra bainistíochta eagarthóireachta. Tá dlite ar gach duine a bhfuil baint acu le hábhar de chuid RTÉ a chruthú freagracht eagarthóireachta a ghlacadh orthu féin ina leith. Nuair a bhítear in amhras maidir le ceist eagarthóireachta, ba cheart an cheist a chur ar aghaidh chuig daoine ag leibhéil níos sinsearaí sa slabhra bainistíochta eagarthóireachta le comhairle agus cinneadh a fháil faoin scéal. Nuair a tharlaíonn ábhar i gceist ar dócha go dtiocfaidh conspóid shuntasach phoiblí dá bharr - fiú sa chás go bhfuil eagarthóir/léiritheoir cinnte dearfa faoina fhiúntas ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta de - is ceart é a chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí ionas gur féidir ceisteanna maidir le polasaithe eagarthóireachta a mheas.

Ba cheart do chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ceisteanna a chur faoi bhráid Eagarthóir/Fheidhmeannach Coimisiúnaithe cuí. Tráth ar bith a bhféadfadh dliteanas suntasach faoin dlí a theacht i gceist, ní foláir sin a chur in iúl do Ghnóthaí Dlíthiúla go luath-thráthúil.

**Dualgas Éigeantach 1**

Tá de fhreagracht phearsanta ar gach ball den fhoireann léiriúcháin maidir le hábhar a chruthú eolas a bheith acu ar na treoirlínte seo. Is coinníoll gairmiúlachta bunriachtanach sin agus dualgas de réir conartha.

## 1.2 Príomh-Stiúrthóir RTÉ an Príomheagarthóir

De réir an Achta Craolacháin 2009, feidhmíonn Príomh-Stiúrthóir RTÉ mar phríomheagarthóir i ndáil le gach ábhar a chraolann nó a fhoilsíonn RTÉ. Ina ainneoin sin, ní bhíonn an Príomh-Stiúrthóir páirteach i ngnáthshocruithe eagarthóireachta a dhéantar ó lá go lá maidir le hábhar uile RTÉ. Is *ról straitéiseach mar sin den chuid is mó* ról eagarthóireachta an Phríomh-Stiúrthóra agus iad ag leagan síos caighdeáin eagarthóireachta, ord tábhachta maidir leis an mbeartaíocht agus stiúir ghinearálta don eagraíocht.

Leagtar an fhreagracht eagarthóireachta taobh istigh de RTÉ ar an slabhra bainistíochta eagarthóireachta. Tá dlite ar gach duine a bhfuil baint acu le hábhar de chuid RTÉ a chruthú freagracht eagarthóireachta a ghlacadh orthu féin ina leith.

# Bord Caighdeán Eagarthóireachta RTÉ

Chomh maith leis an mbainistíocht líne i gcúrsaí eagarthóireachta, tá Bord Caighdeán Eagarthóireachta* ag RTÉ atá neamhspleách ar na línte eagarthóireachta inmheánacha atá faoi láthair sna rannóga táirgíochta. An Ceannasaí Caighdeán Eagarthóireachta & Comhlíontais a thionólann an Bord ar a leagtar dhá phríomhfheidhm mar seo a leanas.

Ar an gcéad phríomhfheidhm tá acmhainn bhreise a chur ar fáil, chomh maith leis na gnáis oibre Eagarthóireachta agus dlí, i ndáil le cláracha de na cineálacha sin a meastar gur cheart tuairim an Bhoird ina leith a fháil mar bheart meastóireachta roimh thráth a gcraolta.

## 2.1 Meastóireacht réamhchraolacháin:

- Socróidh an tEagarthóir Stiúrtha maidir le Cúrsaí Reatha (Teilifís), i gcomhairle leis an Stiúrthóir, Nuacht & Cúrsaí Reatha, an ceart clár beartaithe nó bearta imscrúdúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird ionas go ndéantar meastóireacht ina leith sula mbeadh sé le craoladh; ag Stiúrthóir Nuacht agus Cúrsaí Reatha a bheidh an cinneadh deiridh.
- I ndáil le hábhar de gach cineál eile (Raidió, teilifís agus ar líne), déanfaidh an tEagarthóir/Ceannasaí/Léiritheoir lena mbaineann aon bhaol suntasach nó tromchúiseach a mheas agus socrófar, i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ábhair, an ceart an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhoird; ag an Stiúrthóir Ábhair a bheidh an cinneadh deiridh.
- Agus imscrúdú beartaithe á mheas ag an Eagarthóir Stiúrtha maidir le Cúrsaí Reatha (Teilifís), is féidir leo de réir mar a mheastar gur cuí sin, fógra roimh ré a chur ar fáil don Bhord maidir le haon bhaol suntasach nó tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- D'fhéadfadh tarlú, i gcásanna áirithe, go n-iarrfadh an Bord eolas agus/nó meastóireacht réamhchraolacháin i ndáil le clár atá beartaithe a chraoladh, fiú nuair nach ndearnadh an clár a chur faoi bhráid an Bhoird go dtí sin.
- Sa chás go mbíonn clár beartaithe á chur faoi bhráid an Bhoird, cuirfidh an tEagarthóir/Léiritheoir lena mbaineann tuairisc mhionsonraithe os comhair an Bhoird, scripteanna, nóta buneolais agus comhairle dlí san áireamh, ar a laghad 5 lá oibre roimh an am atá leagtha amach don chraoladh; is i gcás eisceachta amháin a mhaithfidh an Bord an tréimhse fógra seo;
- Ar an obair meastóireachta a thabhairt chun críche, scríobhfaidh an Ceannasaí Caighdeán Eagarthóireachta & Comhlíontais, thar ceann an Bhoird, chuig an Eagarthóir/Léiritheoir lena mbaineann agus leagfar amach an bhfuil, i tuairim an Bhoird, cúis mhaith maidir le leas an phobail leis an ábhar a chraoladh agus cuirfear gach moladh in iúl a mheastar a bheith oiriúnach. Sa chás go socraíonn Eagarthóir/Léiritheoir gan moladh/moltaí de chuid an Bhoird a chur i bhfeidhm, cuirfear na cúiseanna leis sin in iúl i scríbhinn don Bhord roimh thráth an chraolta.

## 2.2 Athbhreithniú & Meastóireacht

Ar an dara príomhfheidhm, tá athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar Chláir de chuid RTÉ, arna roghnú tar éis a gcraolta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le cláir de chuid RTÉ. Cuirtear an toradh ar athbhreithniú a dhéantar ar chlár in iúil don Stiúrthóir Nuachta agus Cúrsaí Reatha lena mbaineann agus don Stiúrthóir Ábhair. Sa chás gurb é tuairim an Bhoird go bhfuil easnamh le sonrú, molfaidh an Bord bearta cuí oiliúna agus/nó bearta eile chun dul i ngleic leis an ábhar buartha.

* Féach Aguisín 2

Chomh maith leis an mbainistíocht líne i gcúrsaí eagarthóireachta, tá Bord Caighdeán Eagarthóireachta ag RTÉ atá neamhspleách ar na línte eagarthóireachta inmheánacha atá faoi láthair sna rannóga táirgíochta.

Cuid 3

# Prionsabail Eagarthóireachta RTÉ – Iontaoibh, Cruinneas agus Neamhchlaontacht

## 3.1 Iontaoibh

Tá an iontaofacht ar cheann de bhunchlocha RTÉ: is ceart an t-ábhar a bheith ionraic, iontroist, údarásach, cruinn, neamhchlaon, cothrom agus neamhspleách ar leasa dílsithe. Bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúlachta amháin a bhíonn roghanna eagarthóireachta RTÉ agus is ceart féachaint le comhthéacs agus eolas cúlra a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta ag teacht le gnéithe casta uile shaol na linne seo.

## 3.2 Cruinneas

Tá níos mó i gceist le cruinneas ná na fíricí cearta a aimsiú. Nuair atá conspóid ag baint le ceist, d'fhéadfadh gur ghá tuairimí ábhartha a thabhairt san áireamh chomh maith le fíricí. Ba cheart na fíricí ar fad a bhaineann le hábhar agus an t-eolas ar fad atá ar fáil a mheas d'fhonn tuairisc chomh cruinn, cothrom, oibiachtúil agus is féidir a chur ar fáil.

Tá na caighdeáin, na prionsabail agus na treoirlínte i bhfeidhm maidir le hábhar uile RTÉ:

- Féachtar le tuairisc chruinn a thabhairt i ngach cás agus, sa chás go dtarlaíonn earráid, déantar sin a cheartú;
- Tuigtear go mbíonn tábhacht le luas maidir le scéalta nuachta a chur ar fáil. Ina ainneoin sin, is tábhachtaí ná an luas an gá atá le cruinneas a dheimhniú;
- Ní mór a dheimhniú, sula n-úsáidtear iad, an bhfuil cead nó ceadúnas ag RTÉ úsáid a bhaint as pictiúir nó lón scannánaíochta. D'fhéadfadh úsáid gan cheadúnas a bhaint as ábhar costas/trioblóid maidir le cúrsaí dlí a tharraingt ar RTÉ. Ní mór ceadú roimh ré ón Eagarthóir Stiúrtha lena mbaineann maidir le haon chás ina n-athrófaí uaidh seo;
- Ní chuirtear ábhar fíorasach i láthair ar bhealach a chuirfeadh an lucht féachana nó éisteachta ar mhíthreoir;
- Coinnítear taifead de thoradh na taighde, comhfhreagras leictreonach agus comhfhreagras scríofa san áireamh chomh maith le nótaí buneolais agus cáipéisí;
- Coinnítear nótaí a eascraíonn ó phlé/agallamh le daoine a d'fhéadfaí a chur faoi agallamh do chlár neamhspleách ar ábhar eile go dtí go dtugtar ábhar ó nótaí den chineál sin san áireamh agus cáipéis tuairisce á ullmhú d'eagarthóir/láithreoir;
- Coinnítear taifid ar bhealach a ligeann d'athsheiceáil ina leith, go háirithe an tráth a mbíonn script á réiteach, agus ag duine eile den fhoireann más gá;
- Luaitear an foinse más ó fhoinse sheachtrach a thagann scéal - ar líne, na meáin shóisialta etc.;
- Ceanglaítear ar eagarthóirí tuairisc agus cuntas a choinneáil ar leasuithe nuair a dhéantar eagarthóireacht ar alt/ar chlár agus taifead den uile athrú a choimeád. Cuirtear sin i bhfeidhm freisin maidir le leasú ar ábhar ar a éileamh ar sheinnteoirí RTÉ;
- Bítear san airdeall maidir le cuntas bréige, tuairiscí nuachta bréige, Bobaireacht & Scigchumadóireacht: Seiceáiltear bunús agus foinsí aon ábhar ó shuíomhanna gréasáin nó ó na meáin shóisialta sula mbaintear úsáid as;
- Baintear úsáid as aguisíní nó fotheidil shoiléire chun aistí tráchtaireachta & anailíse a shonrú nó aistí Tuairimíochta le fostaithe de chuid RTÉ;
- Cinntítear go dtéann séanadh i gcónaí le haistí tráchtaireachta, anailíse agus Tuairimíochta ó rannpháirtithe seachtracha lena gcuirtear in iúl gurb iad tuairimí an údair atá á gcur i láthair agus nach féidir a cheapadh gurb iad tuairimí RTÉ atá á gcur i láthair ná gur ionann iad agus tuairimí RTÉ;
- Cinntítear, sa chás go mbíonn algartaim in úsáid ag seirbhísí ar líne, nach ndéanann sin lagú ar aon bhealach do luachanna RTÉ;
- Ní ghlactar leis go bhfuil Ábhar arna Chruthú ag Úsáideoir cruinn, ní foláir a dheimhniú agus a shonrú go bhfuil;
- Déantar cúram speisialta maidir le húsáid as aon ábhar a measfaí gur duine a bhaineann le brúghrúpa, nó le heagraíocht a bhfuil leas dílsithe acu sa scéal, a chuir ar fáil é, seachas gnáthdhuine neamhchlaonta;
- Seiceáiltear, sula mbaintear úsáid as ábhar ar líne ó fhoinse seachtrach, an bhfuil a) aon cheist le réiteach maidir le cóipcheart agus b) an mbaineann an t-ábhar le hábhar RTÉ;
- Bítear cúramach maidir le vótáil ar líne. Sa chás go dtugtar cur síos achoimre ar vótáil ar líne nó ar thuairimí a chuirtear in iúl ar líne: (i) níor cheart an téarma vótaíocht ná toghchán a lua, agus (ii) luaitear go glan soiléir nach bhfuil aon tábhacht ná suntas leis an toradh a théann níos faide ná an ócáid seo amháin agus gur le tuairimí dhaoine den lucht féachana nó éisteachta ag an am amháin a bhaineann na torthaí. Ar choinníoll go ndéantar sin go sonrach sainráite agus go dtugtar an tuairisc tráth na vótála, is ceart líon na ndaoine a vótáil a lua nuair a thugtar torthaí maidir le vótáil ar líne chomh maith leis an gcéatadán a vótáil do gach rogha a tugadh.

# Prionsabail Eagarthóireachta RTÉ – Iontaoibh, Cruinneas agus Neamhchlaontacht

**Ar Lean**

### 3.3 Neamhchlaontacht

Ní mór Nuacht RTÉ a bheith ar an bpríomhfhoinse ag muintir na hÉireann maidir le heolas neamhchlaonta. Cibé saoirse a d'fhéadfadh a bheith ar fáil maidir le tuairimí pearsanta agus a gcur in iúl, tá dualgas géar ag baint leis an neamhchlaontacht chuí a léiriú i ndáil le cláir nuachta agus cúrsaí reatha. Féachtar leis an dualgas seo a chomhlíonadh mar seo a leanas.

- Déantar ábhar nuachta agus eolas a chruinniú agus a chur i láthair leis an neamhchlaontacht is ceart;
- Cuirtear éagsúlacht peirspictíochtaí i láthair sa chaoi nach mbíonn, le himeacht ama, aon snáithe suntasach smaointeoireachta ná creidimh á fhágáil ar lár go comhfhiosach ná á léiriú go leatromach;
- Ní deirtear agus ní thugtar le fios gur ionann dearcadh faoi leith agus seasamh eagarthóireachta RTÉ. Níl aon seasamh eagarthóireachta ag RTÉ taobh amuigh de dhúthracht na heagraíochta maidir le bunphrionsabail an daonlathais, ar a n-áirítear riail an dlí, saoirse cainte agus reiligiúin, daonlathas parlaiminte agus comhionannas deiseanna;
- Ní thugtar léargas míchruinn ar aon dearcadh ná meon;
- Ní thugtar buntáiste míchuí do dhearcadh nó meon faoi leith seachas a mhalairt.

Féachtar leis an tuairimíocht a choinneáil i gcomhréir leis an bhfianaise, mar shampla, an tuiscint chomhaontaithe i measc lucht eolaíochta ag tráth an chraolacháin, nuair a bhaineann sin le hábhar. Ní chuirtear as an áireamh leis sin amháin a mhalairt de thuiscint a léiriú ach níl de dhualgas orainn a chothrom den ainfhírinne a léiriú.

Go ginearálta, ní hé a éilítear leis an neamhchlaontacht i gcónaí an chothromaíocht maidir le tuiscintí éagsúla a bhaint amach san aon chraoladh amháin. Tarlaíonn uaireanta nach féidir trácht ar gach dearcadh faoi leith in aon chraoladh amháin. Is féidir neamhchlaontacht a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta trí ábhar cothromúcháin a chraoladh a dtugtar fógra soiléir ina thaobh gurb é sin atá i gceist leis. Ní móide gur gá, chun an chothromaíocht a bhaint amach, gach rogha maidir le hábhar faoi leith a léiriú ná an méid céanna ama a chaitheamh le gach dearcadh éagsúil.

### 3.4 Foinsí Eolais

Is iondúil go sonraítear foinsí eolais, go gcuirtear rannpháirtithe suntasacha in aithne, agus go luaitear na dintiúir atá acu, ionas gur féidir leis an lucht féachana agus éisteachta an stádas atá acu a mheas.

- Is iondúil go mbíonn gá againn le dhá fhoinse sula ndéantar aon ní a chraoladh mar fhíric;
- Sa chás go mbíonn orainn brath ar an aon fhoinse amháin, ní foláir misneach mór a bheith againn go bhfuil an t-eolas cruinn agus an foinse iontaofa;
- Sa chás nach féidir an t-ábhar a dheimhniú go leordhóthanach, is ceart sin a rá agus an té óna bhfuarthas an t-eolas a lua.

Is tábhachtach an prionsabal san iriseoireacht é nach scaoiltear ainm foinse a thugann eolas faoi rún. Cloíonn RTÉ leis an bprionsabal sin agus d'fhéadfadh go mbainfí úsáid as cleasa léiriúcháin, mar shampla 'scáth'-thaifeadadh, saobhadh ar an nglór etc. ar mhaithe leis sin chomh maith lena chinntiú nach dtarlaíonn aon eolas maidir leis an bhfoinse in aon ábhar nótaí a bhféadfadh ordú cúirte nó iarratas maidir le saoráil faisnéise a theacht i gceist ina leith.

Nuair a bhíonn ar RTÉ brath ar fhoinse gan ainm:

- Cinntítear go bhfuil sé riachtanach anaithnideacht a chosaint leis an scéal a chur i láthair;
- Tugtar chomh maith cibé eolas is féidir a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta, sa chaoi is go dtugtar fianaise áirithe maidir le hiontaofacht na foinse ach nach dtugtar míthreoir ábhartha faoi stádas na foinse, agus sin ar bhealach nach bhfágann baol go scaoilfí ainm an duine;
- Tugtar de cheart don Eagarthóir/Léiritheoir lena mbaineann, maidir le scéal de thionscnamh RTÉ, ainm na príomhfhoinse nach n-ainmneofar, atá buntábhachtach maidir le cruinneas an scéil, a iarraidh agus a fháil;
- Glactar leis gur féidir leis an Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, nó leis an Stiúrthóir Ábhair, nuair is cuí, diúltú cead a thabhairt scéal a chraoladh mura mbítear sásta maidir leis na foinsí;
- Cuirtear foinse anaithnid ar an eolas faoi na coinníollacha thuas, go háirithe i gcásanna lena mbaineann líomhaintí tromchúiseacha;
- Sa chás go gcuirfeadh taifeadadh bac ar an bhfoinse, coinnítear nótaí cuimsitheacha, arna mbreacadh go comhuaineach más féidir nó, nuair nach féidir, an tráth is luaithe is féidir ina dhiaidh sin, agus is cóir don bhall foirne atá i mbun na hoibre sin na nótaí a choinneáil;
- Is ceart nótaí cruinne iontaofa a bhreacadh, agus sin go comhuaineach nuair is féidir, maidir le hagallamh agus gach obair shuntasach taighde agus eolas eile a bhaineann le hábhar..

### 3.5 Sceithirí

Déanann Sceithire nochtadh cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Is ceart iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna a bheadh ag foinse NACH NDEARNA nochtadh faoi scáth an Achta le féachaint le fanacht anaithnid. Níor cheart de ghnáth go bhfaigheadh sceithire ná foinse ar bith eile íocaíocht ná aon chúiteamh eile i ndáil lena bpáirt san obair.

#### Dualgas Éigeantach 2

In aon chás ina mbeadh á bheartú brath ar aon fhoinse amháin a dhéanann líomhain thromchúiseach gan ainm na foinse a lua nó ina mbeadh á bheartú ligean do rannpháirtí mórthábhachta fanacht anaithnid, ní mór an t-ábhar a chur faoi bhráid an Eagarthóra Stiúrtha lena mbaineann agus faoi bhráid Ghnóthaí Dlí.

I ndáil leis an Dualgas Éigeantach seo, tabharfaidh an tEagarthóir Stiúrtha agus Gnóthaí Dlí faoi mheas:

- An mbaineann leas suntasach an phobail leis an scéal a chur i láthair;
- An foinse iontaofa iontroist go cruthanta atá i gceist agus an bhféadfadh dóthain eolais a bheith acu ar na himeachtaí faoi chaibidil agus, sa chás gur aon fhoinse amháin atá i gceist, an bhfuil aon fhianaise eile de dhearbhú ar a n-áitítear;
- An bhfuil aon cheist dlí le tabhairt san áireamh;
- An bhfuil sábháilteacht dhaoine, mar shampla sábháilteacht na foinse/na bhfoinsí, ina ábhar buartha;
- An iarradh ar na daoine nó na heagraíochtaí lena mbaineann líomhaintí tromchúiseacha freagra a thabhairt;
- An é go ndearnadh líomhain thromchúiseach nó an é an chaoi gur tugadh dearbhú ina leith "i modh rúin".

### 3.6 Craoladh Beo

D'fhéadfadh maidir le hábhar a chraoltar beo, go mbeadh deacrachtaí faoi leith déanamh go díreach de réir na ngnás agus na modhanna oibre a leagtar síos sna treoirlínte seo. Ina ainneoin sin, tá na caighdeáin chéanna i bhfeidhm maidir le cláir den sórt sin. Ní mór do lucht déanta na gclár 'beo' gach dícheall a dhéanamh ionas go gcinntítear tús áite do chothrom na féinne, don oibiachtúlacht agus don neamhchlaontacht chomh maith le meas ar an bpríobháideachas.

### 3.7 Caidreamh leis an Lucht Féachana agus Éisteachta

Is cuid thábhachtach den ábhar a chuirtear ar fáil an caidreamh leis an lucht éisteachta agus féachana. Maidir le húsáid a bhaint as tuairimí a sheoltar i dteachtaireacht téacs, i dteachtaireacht ríomhphoist nó trí mheán sóisialta, chomh maith le labhairt le daoine a ghlaonn isteach go díreach nó labhairt leis an lucht féachana beo ar an láthair:-

- Cinntítear go nglaotar ar ais ar dhaoine a ghlaonn isteach ar chlár ionas go n-aithnítear go dearfa iad agus go mbíonn a gcuid sonraí pearsanta iomlána ar fáil agus, más gá, tugtar treoir teagaisc dóibh sula dtéann siad ar an aer;
- Bítear cúramach maidir lena chinntiú go mbeadh rannpháirtithe oiriúnach lena ligean ar an aer agus, mar chuid de sin, cuirtear ar an eolas iad faoina bhfuil de fhreagracht orthu faoin dlí (e.g. clúmhilleadh/aithisiú) agus cuirtear an cás faoi bhráid dhuine níos sinsearaí má bhíonn aon ábhar amhrais i gceist;
- Féachtar le réimsí tuairimí éagsúla a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le neamhchlaontacht;
- D'fhéadfadh go ndéanfaí réamhthaifeadadh ar agallamh má cheaptar go dtarlódh plé ar ábhar íogair;
- I gcás Láithreoirí, bítear ag tnúth le heolas a bheith curtha acu ar na Treoirlínte seo ionas go mbíonn siad ábalta an clár a thabhairt slán go pras cúirtéiseach as cásanna a bhféadfadh clúmhilleadh a theacht i gceist leo nó as cásanna tromchúiseacha eile;
- Ní dhéantar teachtaireachtaí téacs ná ábhar eile ó na meáin shóisialta a chraoladh gan seiceáil agus dearbhú a dhéanamh orthu;
- Cinntítear go mbíonn teagasc faighte ag an bhfoireann léiriúcháin faoin dóigh le déileáil go cúramach le rannpháirtithe nuair a bhíonn agallamh ar an teileafón nó agallamh 'beo' á léiriú faoi ábhar crosta nó íogair agus, más cuí sin, bíonn córas tacaíochta ar fáil;
- Bítear ríchúramach nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga i mbun caidrimh le RTÉ trí ghlaonna teileafóin, teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist, nó meáin shóisialta eile; (Féach freisin Cuid 8: Leanaí)
- Déantar an cás a mheas go tomhaiste nuair a thagann daoine i mbun caidrimh le clár gan choinne agus fonn orthu a scéal crosta nó mothúchálach féin a chur os comhair an phobail agus, sa chás go mbíonn aon ábhar amhrais ina leith, cuirtear an cás faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí ar an slabhra bainistíochta.

## Cuid 4

# Cothrom na Féinne

### 4.1 An tAcht Craolacháin 2009

Éilítear oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i gcúrsaí nuachta faoi Alt 39(1) den Acht Craolacháin 2009. Níl aon choinníoll faoin reachtaíocht go mbeadh ábhar nuachta RTÉ cothrom, ní a admhaíonn an tÚdarás Craolacháin.

Éilítear cothrom na féinne maidir le cúrsaí reatha. Tugtar de shainmhíniú air sin déileáil i gclár craolta le hábhar conspóide poiblí nó le hábhar díospóireachta poiblí.

Tá bunriachtanas le hiompar cóir ionraic ionas go gcoimeádtar muinín an lucht féachana agus éisteachta ionainn agus muinín na ndaoine a ghlacann páirt in ábhar dár gcuid nó a mbíonn tionchar go díreach ag ábhar dár gcuid orthu. Ní mór a bheith macánta ionraic i mbun na hoibre le rannpháirtithe agus leis an lucht éisteachta agus féachana, murar léir gurb é leas an phobail a mhalairt a dhéanamh nó murar gá dúinn ceisteanna tábhachtacha, mar shampla ceisteanna dlí, sábháilteachta nó rúndachta, a thabhairt san áireamh.

Ní mór a bheith macánta ionraic i mbun na hoibre le rannpháirtithe agus leis an lucht éisteachta agus féachana, murar léir gurb é leas an phobail a mhalairt a dhéanamh nó murar gá dúinn ceisteanna tábhachtacha, mar shampla ceisteanna dlí, sábháilteachta nó rúndachta, a thabhairt san áireamh.

### 4.2 Caighdeáin RTÉ maidir le Cothrom na Féinne

- Cuirtear eolas faoi ábhar ginearálta agus scóip an chláir ar fáil do na rannpháirtithe ionas go mbíonn toiliú lán eolais i gceist lena gcuid rannpháirtíochta;
- Bíonn meas againn ar ár gcuid rannpháirtithe agus ar rannpháirtithe ionchais;
- Cuirtear athrú béime nó athrú ar leagan amach cláir nó míre in iúl don rannpháirtí nuair a d'fhéadfaí a cheapadh gurbh éagórach claonta sin a fhágáil gan a dhéanamh;
- Ní dhéantar eagarthóireacht ar ábhar rannpháirtí ar bhealach a chuireann comhthéacs nó brí an agallaimh féin as a riocht;
- Sa chás go ndéantar líomhaintí faoi dhuine nó faoi eagraíocht, déantar iarrachtaí réasúnta deis chothrom a thairiscint le freagra a thabhairt;
- Cinntítear go mbíonn tuairisc á choinneáil againn ar aon iarratas freagra a thabhairt, lena n-áirítear an dáta, an t-am, ainm an duine lena bpléitear agus príomhphointí an chomhrá nó an chomhfhreagrais i ngach cás;
- Ba cheart de ghnáth cuntas sách mionsonraithe a thabhairt ar na líomhaintí ionas gur féidir freagra lán-eolais a thabhairt ina leith agus spriocthráth atá cóir oiriúnach a leagan síos maidir le freagra a fháil;
- Tugtar léiriú cóir cruinn ar aon chuid den fhreagra a bhaineann le hábhar na líomhaintí a chraoltar agus féachtar leis sin a dhéanamh i rith an chláir chéanna leis na líomhaintí nó lena leithéid a fhoilsiú an tráth céanna a bhfoilsítear líomhaintí;
- Is féidir geallúintí a thabhairt maidir le coinníollacha a ghabhann leis an rannpháirtíocht, le húsáid an ábhair, le rúndacht nó le hainm a cheilt. Ní mór maith a dhéanamh de na geallúintí a thugtar ach amháin i gcásanna eisceachta nuair a d'fhéadfaí cúis mhaith maidir le leas an phobail a lua lena mhalairt – i gcásanna den sórt sin, ní mór cead a iarraidh ar an Eagarthóir Stiúrtha lena mbaineann an cás;
- Cuirtear in iúl go soiléir don lucht féachana agus éisteachta má dhiúltaíonn duine nó eagraíocht páirt a ghlacadh i gclár nó má roghnaíonn duine nó eagraíocht aon tuairim a chur in iúl agus luaitear aon chúis a thugtar ina leith sin;
- Ní ligtear do dhiúltú dhuine nó eagraíochta páirt a ghlacadh sa chlár craoladh na míre a chosc. Ní foláir, ina dhiaidh sin is uile, féachaint le tuairimí an pháirtí nach bhfuil i láthair a léiriú go cóir maidir leis an méid a deirtear agus leis an gcaoi ina ndeirtear é.



Cuid 5

# Ionracas agus Neamhspleáchas Eagarthóireachta

Ní mór d'aon duine ag a bhfuil baint go díreach le hábhar a léiriú a chur in iúl don bhainisteoir líne eagarthóireachta nuair a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist i ndáil le mír nó míreanna cláir.

## 5.1 Seirbhís Phoiblí - Ionracas agus Neamhspleáchas

Chun freastal ar an bpobal is ann do RTÉ. Ní mór muinín a bheith ag an bpobal as ionracas agus neamhspleáchas a mbíonn le cloisteáil agus le feiceáil acu ar sheirbhísí RTÉ:

- Ní mór do RTÉ a bheith neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de ar an rialtas, ar leasa gnó, ar pháirtithe polaitíochta, ar cheardchumainn agus ar bhrúghrúpaí;
- Cinntítear nach ndéantar ní ar bith a thabharfadh cúis le tuairim go mbeadh buntáiste pearsanta ag láithreoir, tuairisceoir ná léiritheoir as aon socrú faoi na daoine a ghlacann páirt i gclár, faoi na táirgí a chuirtear i láthair ar chlár ná faoi na ceisteanna a phléitear;
- Tá sé chomh tábhachtach céanna nach mbeadh aon chúis le tuairim go dtarlaíonn cinneadh eagarthóireachta mar gheall ar dhearcadh pearsanta dhaoine den fhoireann léiriúcháin.
- Tá ról lárnach ag an nGaeilge i ngach a dhéanann RTÉ. Tá sé mar chuid de pholasaí RTÉ go n-úsáidtear an leagan oifigiúil Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta sa chraoltóireacht agus sa chomhfhreagras uile.

## 5.2 Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Is iad na láithreoirí, na tuairisceoirí agus na comhfhreagraithe a bhíonn os comhair an phobail ag RTÉ. Níor cheart go bhféadfadh an lucht féachana agus éisteachta tuairimí pearsanta príobháideacha na n-iriseoirí, ná na láthreoirí nuachta agus cúrsaí reatha, faoi ghnóthaí polasaí poiblí, faoi cheisteanna conspóideacha i gcúrsaí polaitíochta nó tionsclaíochta, ná faoi 'ábhar conspóide' in aon réimse eile a aithint. Ní chiallaíonn sin nach féidir leo ábhar anailíse agus tráchtaireachta a chur ar fáil:

- Bítear ag tnúth le hábhar anailíse agus tráchtaireachta ó chomhfhreagraithe agus ó thuairisceoirí atá bunaithe ar mhíniú réasúnta lán eolais ar mhionsonraí an scéil atá faoi chaibidil;
- Táthar den tuairim go gcuireann ábhar anailíse agus/nó tráchtaireachta le tuiscint an lucht féachana agus éisteachta ar an gcoinníoll nach ionann é agus seasamh faoi leith nó toradh faoi leith a mholadh ná tuairim aontaobhach a chur chun cinn;
- Tá glacadh le cláracha ina gcuirtear an 'dearcadh pearsanta' i láthair agus le míreanna 'údair', cibé ar fostaí de chuid RTÉ nó duine ar conradh a chuireann ábhar den sórt sin ar fáil, agus cuirtear in iúl don lucht féachana agus éisteachta gur ábhar den chineál sin atá i gceist;
- Ní cheaptar, gan an cás a mheas, go bhfuil rannpháirtithe as eagraíochtaí eile (mar shampla, iriseoirí, lucht léinn, lucht taighde nó ionadaithe ó charthanas) neamhchlaonta agus d'fhéadfadh gur ghá a chur in iúl don lucht éisteachta agus féachana nuair atá rannpháirtí ceangailte le dearcadh faoi leith nó le leas speisialta, murar léir sin ón ábhar a chuireann an rannpháirtí féin i láthair nó ón gcomhthéacs ina ndéantar an cur i láthair;
- Admhaítear idirdhealú idir 'tuairim phearsanta' a chur in iúl a bheadh oiriúnach i gcomhthéacs faoi leith agus tuairim a chur in iúl a mbainfí de chiall as, nó a bhféadfaí a bhaint de chiall as, gurb é tuairim RTÉ atá ann;
- Deimhnítear gur féidir le RTÉ tuairim nó dearcadh a chur in iúl, nuair is cuí, faoi chúrsaí a bhaineann lena leagtar de chúram ar RTÉ mar chraoltóir seirbhíse poiblí;
- Deimhnítear nach mbíonn seasamh ag RTÉ faoi chúrsaí atá ina gconspóid phoiblí nó ina gconspóid polaitíochta.

Tá feidhm chomh mór céanna leis na treoirlínte seo i ndáil le láithreoirí / tuairisceoirí agus eile atá i mbun ábhar nach ábhar nuachta/cúrsaí reatha atá ann a fhoilsiú nó a chruthú nuair atáthar ag déileáil le ceisteanna a mbaineann díospóireacht polaitíochta nó conspóid phoiblí leo.

### 5.3 Coinbhleacht leasa

Ní mór d'aon duine ag a bhfuil baint go díreach le hábhar a léiriú a chur in iúl don bhainisteoir líne eagarthóireachta nuair a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist i ndáil le mír nó míreanna cláir. Ní mór d'aon bhainisteoir líne a thuigeann go bhfuil baol den chineál sin ag baint le léiriú ábhair, an cás a phlé leis an té atá i gceist chomh maith lena chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí.

- Admhaítear nach féidir le láithreoirí de chuid RTÉ ná le saorchonraitheoirí ná conraitheoirí neamhspleácha ná le baill eile d'fhoireann léiriúcháin glacadh le haon tairiscint a dhéanfadh lagú ar neamhspleáchas agus ionracas RTÉ;
- Admhaítear nach ceadmhach glacadh le bronntanas ar luach is mó ná luach ainmniúil;
- Ní cheadaítear obair phríobháideach, mar shampla oiliúint maidir leis na meáin chumarsáide nó obair bolscaireachta thar ceann chomhlacht tráchtála de chineál ar bith;
- Admhaítear go bhfuil freagracht faoi leith orthu siúd atá i mbun iriseoireachta maidir le gnóthaí airgeadais déanamh go heiticiúil maidir le 'faisnéis chos istigh', moltaí infheistíochta, cúbláil ar an margadh etc. ionas go seachnaítear aon choinbhleacht leasa.

#### Dualgas Éigeantach 3

Níl cead ag láithreoirí RTÉ gnó tráchtála a bhfuil baint acu leis, nó a mbeadh i ndán go mbeadh gnóthachtáil airgid acu uaidh, a chur chun cinn.

Ba cheart leas pearsanta, gairme, gnó nó airgid a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar an gcothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht a cheapfaí le láithreoir nó ball foirne ar bith a chur in iúl don bhainisteoir eagarthóireachta cuí.

Níl cead ag iriseoirí maidir le cúrsaí airgeadais aon ghnó ná seirbhís airgeadais a chur chun cinn in ábhar de chuid RTÉ ná an chuma a bheith ar an scéal go mbeadh sin ar siúl acu; ní ceadmhach ach oiread féachaint le heolas ar ghnóthaí airgeadais a fhaightear i mbun a gcuid oibre dóibh a úsáid ar mhaithe le brabús a ghnóthú dóibh féin nó don tríú páirtí.

Ní mór gach iarratas maidir le caint a thabhairt, cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinniú, cruinnithe maidir le heagraíochtaí carthanachta/neamhbhrabúis san áireamh, a chur faoi bhráid an bhainisteora eagarthóireachta chuí i scríbhinn roimh ré lena aontú.

### 5.4 Suaitheantais nó Siombail a Chaitheamh

Ní cheadaíonn RTÉ do láithreoirí, do chomhfhreagraithe ná do thuairisceoirí suaitheantais ná siombail creidimh, polaitíochta, feachtasaíochta ná cúise a chaitheamh ar an scáileán, sruthchraoladh beo ar chláir raidió nó ar imeachtaí eile san áireamh, a bhféadfaí a cheapadh mar gheall orthu go mbaintear bonn ón muinín sa neamhspleáchas eagarthóireachta. Tá sin i gceist maidir le haon duine, ball foirne nó eile, a dhéanann ionadaíocht thar ceann RTÉ san ionad oibre, i bhfóram poiblí nó ag ócáid phoiblí.

### 5.5 Na Meáin Shóisialta a Úsáid

Tá tábhacht leis na meáin shóisialta freisin i ndáil le hobair RTÉ. Tugtar deis dúinn caidreamh a chothú go héasca le daoine, faisnéis agus ábhar spéisiúil nuachta a aimsiú, agus saothar iriseoireachta a chur i láthair do dhreamanna nua sa lucht féachana agus éisteachta. Is furasta a tharlódh doiléire ar na meáin shóisialta maidir leis an idirdhealú idir an réimse pearsanta agus réimse gairme agus d'fhéadfadh an míbheart is fánaí baint ón muinín a bheadh ag daoine asat féin, as do chuid comhghleacaithe agus as RTÉ i gcoitinne. Tá eolas a chur ar pholasaithe RTÉ maidir leis na meáin shóisialta ina dhualgas éigeantach. Tá na polasaithe sin ar fáil i dTreoirlínte RTÉ maidir leis an Meáin Shóisialta.

#### Dualgas Éigeantach 4

Tá de dhualgas ar gach ball foirne de chuid RTÉ cloí le Treoirlínte RTÉ maidir leis na Meáin Shóisialta. Tá na treoirlínte le fáil ar an HUB.


GARDA

## Cuid 6

# Príobháideachas agus Leas an Phobail

Tá dlite ar RTÉ faoi Alt 39 san Acht Craolacháin 2009 gan cúngú míréasúnach a dhéanamh ar phríobháideachas aon phearsan aonair le linn cláracha a dhéanamh.

### 6.1 Caighdeáin RTÉ maidir le Cúrsaí Príobháideachais

- Ní dhéanfaidh RTÉ cur isteach, gan toiliú leis, ar an saol príobháideach ag duine mura mbíonn cúis mhaith leis sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;
- Cinntítear nach mbíonn oiread an chur isteach níos troime ná mar a bheadh i gcomhréir le tromchúis chúinsí an cháis;
- Cinntítear cúis mhaith le sárú an phríobháideachais ar an gcéad dul síos, agus cúis mhaith lena ndéantar a chraoladh nó a chraobhscaoileadh a chur i láthair;
- Ní gnáth toiliú a fháil ó dhaoine a dtarlaíonn iad a bheith le feiceáil ar an gceamara mar chuid den radharc ginearálta mura bhfuil siad i mbun gnóthaí a mbeadh súil go dlisteanach acu le príobháideachas ina leith agus nach bhfuil cúis níos mó, mar gheall ar leas an phobail, lena dtaispeáint;
- Féachtar, nuair a tharlódh nach léir go bhfuiltear i mbun taifeadadh a dhéanamh ar mhaithe le cúrsaí craolacháin, le comharthaí nó leideanna oiriúnacha a thabhairt ina leith sin;
- Sa chás go n-iarrann duine nó eagraíocht orainn stop a chur le scannánaíocht nó le taifeadadh mar gheall ar ábhar buartha maidir le príobháideachas, is iondúil go ndéantar dá réir sin mura mbíonn cúis mhaith ó thaobh eagarthóireachta de le leanúint ar aghaidh.

Sa chás go dtarlaíonn bás nó gortú duine nó go bhfuil duine ar iarraidh, is den tábhacht, chomh mór agus is féidir é le réasún, nach ó ábhar de chuid RTÉ a fhaigheann neasghaolta amach faoi sin. Agus mionsonraí ina leith sin á ndeimhniú, bíonn RTÉ i gcaidreamh leis an nGarda Síochána, comhlachtaí eile Stáit nó eagraíochtaí eile a bhaineann le hábhar.

### 6.2 Caighdeáin RTÉ maidir le fónamh do leas an phobail

Tarlaíonn ó am go chéile go bhféachann RTÉ le teacht ar an gcothromaíocht idir aird ar phríobháideachas agus leas an phobail maidir le faisnéis a fhoilsiú agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh.

Bíonn cur chuige RTÉ bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Bítear cinnte gur féidir cúis mhaith a lua leis an bhfoilsiú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;
- Ní thugtar faoi thograí le teann 'ceistiú fiontair'. Ba cheart go bhféadfaí cúis réasúnta ar mhaithe le leas an phobail a lua le tús a chur le bunobair taighde agus fiosrúcháin agus go mbeadh fianaise ar bhun a bheith leis an gcúis sin sa chás go mbeadh i gceist taighde níos cuimsithí nó bearta léiriúcháin a dhéanamh agus go bhféadfadh cúngú ar phríobháideachas tarlú dá bharr;
- Déantar leas an phobail a mheas maidir le cúis mhaith a bheith le cúngú ar phríobháideachas agus dá mhéid a bheadh príobháideachas dhuine á shárú, is ea is mó leas a chaithfeadh a bheith ag an bpobal as a thoradh sin go bhféadfaí a mheas go bhfuil cúis mhaith lena dhéanamh;
- Seachnaítear cleasa folaithe agus uisce faoi thalamh ach amháin i gcásanna atá leagtha amach go soiléir agus údarás tugtha ina leith;
- Cloítear leis na treoirlínte seo rialacha ríshoiléire tráth ar bith a mbíonn taifeadadh ceilte i gceist;
- Cinntítear sraith de cheadanna soiléire le húdarás ó dhaoine ar an líne bainistíochta eagarthóireachta sula gcuirtear tús le fiosrúchán agus i rith obair fhiosrúcháin a dhéanamh;
- Bíonn cúis shoiléir ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta de leis an ábhar a chuirfear i láthair an phobail i ndeireadh báire agus leis an gcaoi ina ndéanfar seo.

Is léir gur tábhachtach an bealach atá i bhfiosrú imscrúdúcháin chun cúrsaí, arb é leas an phobail é go bhfoilsítear iad, a chur os comhair an tsaoil, mar shampla, míriarachán, coireacht agus caimiléireacht, mí-úsáid as cistí poiblí agus drochíde ar dhaoine atá faoi chúram an stáit.

# Príobháideachas agus Leas an Phobail
## Ar Lean

Is annamh a bhíonn idirdhealú glan iomlán idir an ní atá príobháideach agus an ní atá poiblí agus ní hionann leas an phobail as ábhar a fhoilsiú agus suim a bheith ag an bpobal san ábhar sin. D'fhéadfadh cúiseanna acu seo a leanas le lua mar chúiseanna maithe maidir le leas an phobail:

- Foilsítear eolas a ligeann do dhaoine a n-intinn a shocrú ar bhealach níos eolasaí faoi cheisteanna a bhfuil tábhacht phoiblí leo;
- Tugtar daoine slán óna gcur amú le ráiteas nó gníomh dhuine nó eagraíochta;
- Tugtar lón eolais maidir le hábhar tábhachtach díospóireachta;
- Cuirtear cuntasacht agus trédhearcacht chun cinn maidir le cinntí agus leis an gcaiteachas poiblí;
- Nochtaítear coireacht nó iompar mí-eiticiúil nó frithshóisialta tromchúiseach;
- Nochtaítear cásanna calaoise agus caimiléireachta;
- Cuidítear le daoine cinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol a thuiscint agus ceisteanna a chur mar gheall orthu;
- Tugtar faoi anailís agus/nó iniúchadh ar bheartaíocht dhuine nó eintitis i ndáil le cuspóir faoi leith sa chás gur éilíodh muinín an phobail i ndáil leis na spriocanna a leagadh amach;
- Glactar leis gur mar gheall ar bhearta poiblí, seachas ar bhearta príobháideacha, atá breith le tabhairt ar dhuine. Ina leithéid de chás, ba chóir a cheapadh le "príobháideach", ceisteanna a bhaineann le caidreamh pearsanta, cumarsáid phearsanta, creideamh agus ceangal le daoine nó eagraíochtaí san am a caitheadh, murar féidir a thaispeáint go bhfuil baint shuntasach ag a leithéid sin, go díreach, le déanamh na ndualgas poiblí. Is é an tionchar ar bheartaíocht nó ar dhualgas poiblí an tástáil ina leith sin i ngach cás.

### 6.3 Fiosrú Imscrúdúcháin agus Leas an Phobail

#### Dualgas Éigeantach 5

Ní mór cás ar bith ina mbíonn sé beartaithe dul níos faide ná taighde bhunúsach réamhoibre agus tabhairt faoi fhiosrú imscrúdúcháin faoi choireacht thromchúiseach nó iompar frithshóisialta den suntas nó ábhar eile ar mhaithe le leas an phobail a chur faoi bhráid an cheannasaí seánra chuí.

Bíonn taifid agus nótaí cruinne iontaofa a bhreacadh cinniúnach maidir le dea-chlú chlár imscrúdúcháin, fhoireann léiriúcháin agus RTÉ féin a chaomhnú. Má tharlaíonn athrú suntasach le linn an léiriúcháin ar na réimsí ábhair a thugtar faoi iniúchadh, ba cheart sin a dheimhniú agus a aontú leis an mbainisteoir eagarthóireachta sinsearach atá freagrach ann. D'fhéadfadh gur ghá roinnt de na gnáis tosaigh a leanúint in athuair ionas go gcinntítear go bhfuil na gnéithe riachtanacha maidir le fianaise prima facie agus leas an phobail ag baint i gcónaí leis an bhfiosrú imscrúdúcháin ainneoin an t-athrú béime.

Is den tábhacht, i rith phróiseas na heagarthóireachta, go léirítear an fhianaise go cóir agus go cruinn sa chlár críochnaithe, agus go dtugtar san áireamh leis sin an comhthéacs inar tharla taifeadadh faoi choim ar eachtra ar bith.

Nuair a bhíonn soiléireacht maidir leis na líomhaintí atá le déanamh, is iondúil gur cheart iad a chur in iúl don duine, don eagraíocht nó don chomhlacht lena mbaineann siad agus freagra a iarraidh mar gheall orthu.

#### Dualgas Éigeantach 6

Ní mór cáipéisí, ábhar taifeadta agus eolas eile atá corrach a choinneáil slán agus ní ceart aon scaipeadh a dhéanamh ar ábhar den chineál sin seachas mar atá riachtanach ar fad. Tá rúndacht maidir le taifid agus le faisnéis de dhualgas i ndáil le gach gné den iriseoireacht.

### 6.4 Sáinniú ar an Tairseach maidir le Cláracha Nuachta, Cúrsaí Reatha agus Fíorasacha

Is é atá i gceist le sáinniú "ar an tairseach" (*doorstepping*), agallamh le duine a thaifeadadh, nó iarracht a dhéanamh agallamh a thaifeadadh, nó a fhógairt go bhfuil glao gutháin á thaifeadadh, nuair is le craoladh atá an taifeadadh á dhéanamh agus gan an té atá á thaifeadadh ag súil lena chur faoi agallamh le craoladh toisc nach ndearnadh plé ina leith sin roimh ré. D'fhéadfadh sárú ar phríobháideachas a bheith i gceist agus níor chóir de ghnáth an modh oibre seo a thapú mura bhfuil teipthe ar gach modh eile. Ní cheadaítear an modh seo a úsáid ar mhaithe le héifeacht drámatúil amháin.

Ní áirítear *vox pop* a bheith ina sháinniú ar an tairseach ná iarracht agallamh a chur ar dhaoine atá ag dul isteach nó ag teacht amach chuig cruinniú nó ócáid eile agus go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh a gcuid tuairimí á lorg ag iriseoirí.

**Dualgas Éigeantach 7**

Ní mór aontú a fháil roimh ré, ó Eagarthóir Stiúrtha nó ó phearsa eagarthóireachta sinsearach atá ainmnithe ag an Eagarthóir Stiúrtha cuí, maidir le haon sáinniú ar an tairseach a bheadh beartaithe a dhéanamh, i gclár atá á léiriú ag RTÉ féin nó ar coimisiún ag RTÉ.

### 6.5 Critéir a thugtar san áireamh:

Tabharfar cead sna cásanna seo a leanas:

- go bhfuiltear cinnte nár thug an té a bheadh le sáinniú freagra ar iarratais maidir le hagallamh faoin éagóir líomhnaithe;
- go bhfuiltear cinnte gur tharla ar ócáidí eile roimhe seo neamhaird a dhéanamh d'iarratais maidir le hagallamh;
- go gcinntítear an sáinniú ar an tairseach a dhéanamh go tráthúil agus ar bhealach atá i gcomhréir le haon éagóir líomhnaithe a mheastar a rinneadh.

Ní mór smaoineamh go cúramach ar an tráth a ndéanfaí duine a sháinniú ar an tairseach agus ar a dtiocfadh dá thoradh. Ní mór i ngach cás an t-am a thabharfadh deis eolas nua nó beart idirghabhála dlíodóra idir an dá linn a bhreithmheas a fhágáil roimh an tráth craolta.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go gceadódh an tEagarthóir Stiúrtha sáinniú ar an tairseach a dhéanamh gan aon chomhfhreagras roimh ré, sa chás:

- go bhfuil cúis mhaith lena cheapadh go gcuirfí bac ar bheart imscrúdúcháin nó ar thuairisc dá dtabharfaí faoi chomhfhreagras roimh ré.

### 6.6 Déileáil le cásanna coireachta

Nuair a bhíonn fiosrú imscrúdúcháin ar siúl faoi bhearta coireachta, d'fhéadfadh gur mhian linn, cé gur annamh é, taifeadadh a dhéanamh ar choir faoi leith. Ní mór taifeadadh den chineál sin a chur faoi bhráid bhainisteoir sinsearach eagarthóireachta nó, sa chás gur clár coimisiúnaithe atá i gceist, faoi bhráid an cheannasaí seánra, agus faoi bhráid Ghnóthaí Dlí. Beidh gá cinneadh a dhéanamh maidir leis an nGarda Síochána a chur ar an eolas. Ní thabharfar cead murar féidir a léiriú go mbeadh cúis mhaith leis maidir le leas an phobail.

Sa chás sin féin:

- Seachnaítear aontú, cabhrú nó neartú le beartaíocht choireachta ar bhealach ar bith;
- Seachnaítear gníomh coireachta nach dtarlódh murach sin a spreagadh nó a ghríosú;
- Coinnítear na nótaí taighde, dialanna, teachtaireachtaí ríomhphoist agus páipéarachas eile chomh maith le bunábhar scannánaíochta nár craoladh ó tharla go bhféadfaí sin a fháil le hordú cúirte nó a nochtadh mar ábhar fianaise os comhair cúirte, binse fiosrúcháin nó binse cróinéara.

Ní íoctar daoine as labhairt ar choireanna a rinne siad. An Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha nó an Stiúrthóir Ábhair amháin a fhéadann eisceacht maidir leis an riail sin a cheadú agus sin sa chás go bhfuil cúis mhaith leis ó thaobh leas an phobail agus go mbítear cinnte nach gcuirfidh an íocaíocht isteach ná amach ar chruinneas na fianaise a thugtar agus nach mbeadh an fhianaise sin ar fáil gan íocaíocht den sórt atá faoi chaibidil.

### 6.7 Taifeadadh faoi choim

Meastar gur taifeadadh faoi choim na modhanna oibre seo a leanas:

- ceamaraí, dróin nó micreafóin cheilte a úsáid;
- an úsáid ghinearálta as trealamh closamhairc, mar shampla lionsaí fada, ceamaraí beaga físe, ceamaraí fón póca, ceamaraí gréasáin agus micreafóin raidió, nuair nach eol do dhaoine go bhfuil taifeadadh á dhéanamh orthu a bheadh le craoladh;
- an úsáid d'aon ghnó as trealamh closamhairc, mar shampla lionsaí fada, ceamaraí beaga físe, ceamaraí fón póca, ceamaraí gréasáin agus micreafóin raidió, d'fhonn an trealamh a cheilt ar na daoine a bhfuiltear ag díriú orthu nó chun a chur i gcéill go bhfuil taifeadadh ar siúl maidir le hábhar eile seachas ábhar craolacháin, mar shampla, físeán a dhéanfadh gnáthdhaoine den phobal ar laethanta saoire;
- glaonna teileafóin a thaifeadadh lena gcraoladh gan a thabhairt le fios do na rannpháirtithe eile go bhfuil an glao á thaifeadadh.

# Príobháideachas agus Leas an Phobail
## Ar Lean

Is de réir an ghnáis oibre seo a leanas a dhéanfar aon chás a mheas lena mbainfeadh cead a thabhairt taifeadadh faoi choim a dhéanamh:

### Dualgas Éigeantach 8.1

Ní mór fianaise *prima facie* a bheith ar fáil ar an iompar atá le nochtadh (nó ar an rún déanamh ar an gcaoi sin) sula n-úsáidtear taifeadadh faoi choim mar mhodh oibre d'fhiosrú imscrúdúcháin.

Ní mór don Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha nó don Stiúrthóir Ábhair aon chás ina mbíonn á bheartú taifeadadh faoi choim a úsáid maidir le hábhar a bheadh le húsáid ag RTÉ a mheas.

Má mheastar go bhfuil cúis mhaith maidir le leas an phobail leis an taifeadadh faoi choim, is féidir cead a thabhairt, faoi réir ag coinníollacha ar bith a leagann an Stiúrthóir síos ina leith. Cruthóidh an Stiúrthóir lena mbaineann tuairisc ar an gcinneadh cead a thabhairt taifeadadh faoi choim a dhéanamh nó diúltú cead a thabhairt agus cuirfear fógra i scríbhinn maidir leis an gcinneadh agus leis na cúiseanna leis an gcinneadh faoi bhráid an Phríomh-Stiúrthóra. Sa chás go dtugtar cead, cuirfidh an té atá ag déanamh an chláir nó ag cruthú an ábhair tuairiscí ar an dul chun cinn ar fáil don Stiúrthóir a cheadaigh an obair.

Is de réir an ghnáis oibre seo a leanas a dhéanfar cinneadh maidir le hábhar a chruthaítear trí thaifeadadh a dhéanamh faoi choim a chraoladh nó a fhoilsiú:

### Dualgas Éigeantach 8.2

Sula ndéanfaí ábhar ar bith a chraoladh nó a fhoilsiú a eascraíonn ó thaifeadadh faoi choim a dhéanamh, beidh tuairisc le tabhairt don Phríomh-Stiúrthóir – nó do dhuine ainmnithe sa chás go mbíonn an Príomh-Stiúrthóir as láthair - faoin ábhar beartaithe sular féidir cinneadh críochnúil a dhéanamh maidir lena chraoladh nó a fhoilsiú.

Baintear úsáid as taifeadadh faoi choim freisin i gcásanna áirithe maidir le míreanna 'candid camera' ina mbuailtear bob ar dhuine do chlár grinn nó siamsaíochta. Sa chás go dtugtar cead lón scannánaíochta dá shórt a úsáid, ní féidir a fhoilsiú ach amháin sa chás go dtoilíonn an té ar ar buaileadh an bob leis sin tar éis an duine sin a chur ar an eolas faoin scannánaíocht faoi choim.

Is féidir úsáid a bhaint as taifeadadh faoi choim freisin mar mhodh taighde i gcúrsaí tomhaltóireachta, eolaíochta nó sóisialta ar mhaithe le leas an phobail nuair nach bhféadfaí tuairisc ar an meon nó ar an iompar atá i gceist a cheapadh go nádúrtha ar aon mhodh eile.

## 6.8 Drón a Úsáid

Tá na prionsabail a leagtar amach sna Treoirlínte seo i bhfeidhm maidir le drón a úsáid freisin. Ní mór d'aon duine a bheartaíonn drón a úsáid le linn clár a léiriú nó ábhar a chruthú eolas a chur ar a bhfuil de pholasaí faoi leith ag RTÉ maidir leis sin. Tá na treoirlínte le fáil ar an HUB..

Is féidir úsáid a bhaint as taifeadadh faoi choim freisin mar mhodh taighde i gcúrsaí tomhaltóireachta, eolaíochta nó sóisialta ar mhaithe le leas an phobail nuair nach bhféadfaí tuairisc ar an meon nó ar an iompar atá i gceist a cheapadh go nádúrtha ar aon mhodh eile.


IRD 2
IRD 3
IRD 6
Athlone
Dundalk
Galway
Waterford
BBC 1
SAMSUNG
LM6017
BUDGET 2013

# Tuairisceoireacht ar Léigear, Daoine nó Feithiclí a Fhuadach, Gialla a Ghabháil

Ní mór a bheith an-aireach, i gcás léigir, daoine nó feithiclí a fhuadach nó gialla a ghabháil, faoin tionchar a d'fhéadfadh tuairisceoireacht a imirt. D'fhéadfadh go mbeadh teacht ag daoine a bhfuil baint acu le bearta den sórt sin ar an tuairisceoireacht a dhéantar agus d'fhéadfadh dá réir sin an tuairisceoireacht féin a bheith ina cuid dá dtiteann amach, ainneoin nach mar sin a bheartófaí.

### Dualgas Éigeantach 9

Ní dhéantar agallamh le coirpigh aitheanta maidir le léigear, fuadach, gialla a ghabháil nó bearta mídhleathacha den chineál sin, a chraoladh beo le linn na n-eachtraí. Sa chás go dtosaíonn duine atá i mbun gníomh mídhleathach den sórt sin caidreamh le RTÉ nó le meitheal cláir, ní foláir sin a chur in iúl gan mhoill don Eagarthóir Stiúrtha, Eagarthóir Sinsearach nó Léiritheoir lena mbaineann.

Ní mór aontú ó eagarthóir sinsearach freisin le hábhar réamhthaifeadta a úsáid a rinne lucht déanta na coire nó a rinneadh leo.

Tá bunriachtanas le comhoibriú agus cumarsáid idir na cláracha go léir atá i mbun tuairisceoireachta nó tráchtaireachta ar eachtraí den sórt seo ionas go gcinntítear cur chuige comhsheasamhach ina leith agus cloí go docht le pé socruithe a bhíonn déanta go comhchoitianta faoin gcineál tráchtaireachta a dhéanfaidh RTÉ.

### Dualgas Éigeantach 10

Is ar an Roinn Nuachta agus Cúrsaí Reatha atá an phríomhfhreagracht ar ócáidí den chineál seo agus ní mór aontú Stiúrthóir na Nuachta agus Chúrsaí Reatha leis an tuairisceoireacht ar fad, is cuma cén fhoinse atá léi (craolachán nó ar líne).

Cloítear de ghnáth le comhairle ón nGarda Síochána gan eolas a fhoilsiú a d'fhéadfadh dul chun tairbhe dóibh siúd a bhfuil lámh acu sna heachtraí nó cur isteach ar na fórsaí slándála agus iad ag déileáil leis na heachtraí.

### Dualgas Éigeantach 11

Nuair a iarrann an Garda Síochána go gcoimeádtar siar eolas, tá de fhreagracht ar iriseoir RTÉ sin a chur in iúl don bhainisteoir eagarthóireachta líne agus d'aon chomhoibrí eile atá ag tuairisceoireacht ar a bhfuil ag tarlú. Ní foláir an treoir a scaipeadh ar fud gach réimse lena mbaineann in RTÉ chomh luath agus is féidir.

D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin féin, go smaoineofaí uaireanta áirithe eolas a scaoileadh leis an bpobal a bhfuil iarrtha ag an nGarda Síochána é a choinneáil faoi rún. Níor cheart go dtarlódh sin gan an cheist a chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí ar an slabhra eagarthóireachta. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin le haontú ón Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha.

Ní mór a bheith an-aireach, i gcás léigir, daoine nó feithiclí a fhuadach nó gialla a ghabháil, faoin tionchar a d'fhéadfadh tuairisceoireacht a imirt.

## Cuid 8

# Leanaí

### 8.1 Leas Leanaí a Chosaint

Tá de cheart ag an uile leanbh go ndéanfaí a c(h)osaint ar dhíobháil agus ar dhrochíde. Ba cheart go mbeadh gach duine den fhoireann ar an eolas faoi bhunphrionsabail **Pholasaí RTÉ maidir le Cosaint Leanaí** agus go mbeidís sin á gcur i bhfeidhm in aon phlé a bhíonn ag RTÉ le leanbh. Ciallaíonn leanbh duine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

#### Dualgas Éigeantach 12

Sa chás go mbíonn ball foirne in amhras maidir le leas linbh nó go dtugtar ceist maidir le leas linbh chun suntais, ní mór déanamh de réir na ngnás oibre a leagtar amach i bPolasaí RTÉ maidir le Cosaint Leanaí.

### 8.2 Leanaí ina Rannpháirtithe – Toiliú Lán Eolais

Is é leas na ndaoine atá rannpháirteach in ábhar RTÉ is tábhachtaí agus tugtar tús áite dó sin chun tosaigh ar aon chuspóir eagarthóireachta.

Sa chás go mbíonn leanbh á léiriú in ábhar de chuid RTÉ, ní mór saorthoiliú iomlán, lán eolais an linbh leis sin a fháil. Ba cheart eolas a chur ar fáil ar bhealach atá intuigthe don leanbh agus a chur in iúl go soiléir go bhfuil lánchead toiliú nó diúltú le páirt a ghlacadh san obair. Ba cheart i gcónaí glacadh le diúltú linbh páirt a ghlacadh in obair.

Chomh maith le toiliú an linbh, ní mór toiliú tuismitheora a fháil chomh maith sula gcuirtear agallamh ar aon duine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois. Is inmhianta an rud toiliú a fháil ón mbeirt tuismitheoirí nuair a bhíonn agallamh á chur ar leanbh. Sa chás go bhfuil tuismitheoirí an linbh atá le cur faoi agallamh scartha óna chéile agus nach féidir toiliú a fháil ón mbeirt acu, ní mór an cás a mheas go cúramach sula dtéitear ar aghaidh leis an agallamh.

#### Dualgas Éigeantach 13

Ní mór aon chás ina mbeadh á bheartú leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht linbh tar éis do thuismitheoir diúltú toiliú leis, nó gan toiliú tuismitheora a fháil, a chur faoi bhráid an Stiúrthóra lena mbaineann (Nuacht & Cúrsaí Reatha nó Ábhar) agus déanfaidh an Stiúrthóir sin a mheas (i) an bhfuil cúis leordhóthanach leis an rannpháirtíocht i ndáil le leas an phobail, (ii) an féidir é a dhéanamh ar bhealach nach dtarlaíonn díobháil do leas an linbh, agus (iii) i gcúinsí uile an cháis, an cuí go mbeadh an leanbh rannpháirteach i saothrú an ábhair.

Ní mór do RTÉ a mheas, gan bheann ar thoiliú an linbh nó toiliú tuismitheora, an cuí go mbeadh leanaí rannpháirteach in ábhar a shaothrú. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur chóir dul i gcomhairle le saineolaí faoin mbealach is dócha a dtiocfadh rannpháirtíocht i gcion ar an leanbh.

### 8.3 Scannánaíocht i Scoileanna/Clubanna

Nuair a bhítear i mbun taifeadadh nó clár a dhéanamh i scoil/ club nó ag ócáid eagraithe ar bith do ghrúpa ar bith, ní mór toiliú an té atá i gceannas a fháil. Ní mór na baill foirne, na leanaí agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoina bhfuil beartaithe. Ní mór toiliú a fháil ó na páirtithe go léir/a gcuid tuismitheoirí a bhfuil scannánaíocht nó taifeadadh le déanamh orthu. Ní dhéanfar scannánaíocht/taifeadadh maidir le leanbh ar bith nach mbíonn toiliú an linbh/thuismitheoirí an linbh faighte ina leith sin.

### 8.4 Tuairisceoireacht maidir le leanaí agus bearta mídhleathacha nó frithshóisialta

Beidh aird agus cúram faoi leith ag teastáil, arna gcóiriú go sonrach dá bhfuil de dhíth maidir le gach clár faoi seach, sa chás go mbaineann ábhar cláir le leanaí agus beartaíocht mídhleathach agus/nó frithshóisialta.

Bíonn srianta dlí i gceist freisin ó chuirtear tús le himeachtaí, faoi mar a leagtar amach sna Nótaí Ginearálta Comhairle maidir le Díspeagadh Cúirte chomh maith le Srianta faoin Reachtaíocht a bhaineann le Tuairisceoireacht ar Chásanna Cúirte agus ní foláir iad sin a shásamh i gcónaí.

#### Dualgas Éigeantach 14

Tá de riail dhosháraithe nach mór comhairle dlí a fháil roimh ré i ndáil le gach tuairisc bheartaithe óna bhféadfaí leanbh atá páirteach - gan bheann ar an gcineál páirte - in imeachtaí coiriúla sa chúirt a aithint; nó leanbh atá ceangailte le beartaíocht mídhleathach nó frithshóisialta.

## Cuid 9

# Cúrsaí Creidimh

Déanann RTÉ, mar chuid den dúthracht maidir le craoltóireacht seirbhíse poiblí, gnéithe iléagsúil de chreideamh, de chultúir agus de mheon spioradálta dhaoine uile na hÉireann a léiriú, a fhiosrú, a cheiliúradh agus a mhíniú. Áirítear ar na prionsabail eagarthóireachta ag RTÉ:

### 9.1 Meas ar dhearcadh creidimh den uile chineál

Admhaítear an ceart búnúsach dearcadh creidimh a bheith ag duine agus creideamh a chleachtadh agus tá meas ar an gceart sin.

Ní mór do RTÉ féin fanacht neamhchlaon, oibiachtúil agus cóir maidir le cúrsaí creidimh. Cuirfidh RTÉ freisin le tuiscint an lucht féachana agus éisteachta ar chúrsaí idirnáisiúnta trí eolas a thabhairt faoin mbaint atá ag cúrsaí reiligiúin le gnóthaí an domhain agus anailís a dhéanamh chúrsaí den sórt sin.

### 9.2 Caoinfhulaingt maidir le hiléagsúlacht creidimh

Ní hé amháin go mbeidh creideamh de na cineálacha atá ar fáil go seanbhunaithe in Éirinn á léiriú in ábhar RTÉ, beidh na cineálacha atá ag dreamanna mionlaigh nua sa tír á léiriú chomh maith. Ba cheart go mbeadh na glórtha iléagsúla maidir le cúrsaí creidimh a bhaineann leis an bplé náisiúnta á léiriú in ábhar RTÉ, glórtha agnóisithe agus aindiachaithe san áireamh.

### 9.3 Masla gan ghá do dhaoine a bhfuil creideamh acu a sheachaint

Cé nach bhfuil dlí an diamhasla i bhfeidhm in Éirinn níos mó, is de réir ghnáthbhéasa an phobail go mbeifí aireach faoin gcaoi ina ndéanann RTÉ trácht ar chreideamh, stair, nósanna, fhéilte, shiombail, theanga agus dheasghnátha dhaoine nó tagairt dóibh. Ar ndóigh, bíonn glacadh le scrúdú grinn ar chreideamh, ar institiúidí agus ar dhaoine faoi leith, agus go deimhin sin ar mhaithe le leas an phobail uaireanta, i gcláracha fíorasacha, i ndrámaí, ar an nuacht agus i seánraí eile.

Ar an gcuma chéanna, is féidir ceannairí eaglaise a cheistiú agus míniú a éileamh orthu ach caitheamh leo le meas agus cothrom na féinne.

### 9.4 Mar a chaitear le cúrsaí creidimh i réimse difriúil aschuir

Ó tharla cúrsaí creidimh agus reiligiúin lárnach ina saol ag cuid mhór daoine, is ináirithe go mbeidh, mar is ceart, aird ar chúrsaí den sórt sin i seánraí éagsúla ábhair, mar shampla, cláracha nuachta, cláracha faisnéise, plé, drámaíocht agus greann. Is den tábhacht go dtugtar san áireamh, maidir leis an obair scripteála agus leis an obair léiriúcháin, gur féidir masla a thabhairt do dhaoine a bhfuil creideamh láidir acu. Ní mór a theacht ar an gcothrom idir masla a sheachaint agus saoirse tuairimí a chur in iúl ach is ceart masla gan ghá a sheachaint i gcónaí.

Ba cheart go mbeadh aird ag Eagarthóir/Léiritheoir an chláir ar aon ábhar a d'fhéadfadh, i dtuairim an Eagarthóra/ Léiritheora, a bheith ina chúis le "masla gan ghá" agus, má bhítear in amhras faoi, ba cheart tuairim a fháil ó dhaoine níos sinsearaí sa líne bainistíochta.



Cuid 10

# Féinmharú

Is ceart caitheamh go tuisceanach le féinmharú, iarracht ar fhéinmharú nó féindíobháil a chur i láthair, bíodh drámaíocht nó clár fíorasach i gceist. Tá i ndán go gcuirfeadh tuairiscíocht fhírinneach agus cur i láthair taibhréime ar iarracht ar fhéinmharú agus ar fhéindíobháil i dtuiscint do dhaoine leochaileacha gur féidir bearta den chineál sin a dhéanamh, agus fiú gur oiriúnach iad a dhéanamh. Tá ceisteanna casta ag baint le féinmharú agus is minic ceangal ag galar meabhrach leis an gcás. Sa chás go mbíonn tuairisceoireacht nó léiriú á dhéanamh ag RTÉ ar fhéinmharú:

- Seachnaítear cur síos mion ar mhodhanna féinmharaithe;
- Ní úsáidtear téarmaíocht de leithéid "committed suicide" an Bhéarla – níl féinmharú in aghaidh an dlí;
- Cuirtear eolas ar fáil, nuair is cuí sin, faoi chúnamh agus faoi chomhairle atá ar fáil agus faoi bhealaí chun sin a thapú;
- Seachnaítear áibhéil le ceannlínte, pictiúir nó foclaíocht;
- Seachnaítear buanú a dhéanamh ar mhíthuiscintí coitianta - mar shampla 'iad siúd a bhagraíonn lámh a chur ina mbás féin, is dócha nach ndéanfaidh siad é' nó 'má tá rún ag duine é féin a mharú, ní féidir é a stopadh;
- Téitear i gcomhairle leis na neasghaolta sula bhfoilsítear ábhar nach móide a bheith ar fáil go poiblí cheana féin;
- Bíonn aird ar cheart príobháideachais a bheith ag daoine a bhfuil clú orthu, fiú sa chás go gcuireann siad lámh ina mbás féin;
- Bítear cúramach, go háirithe nuair atá tuairimíocht ar bun, ar na meáin shóisialta go minic, faoi fhéinmharú nó faoi chásanna féinmharaithe;
- Bítear airdeallach faoi chásanna féinmharaithe in institiúidí agus go bhféadfadh ábhar a bheith i gceist arb é leas an phobail suim a chur ann agus go bhféadfadh gurbh fhiú imscrúdú a dhéanamh ar an gcás.

## 10.1 Dúnmharú-Féinmharú

Is cás casta tragóideach aon chás ina dtarlaíonn dúnmharú agus féinmharú le chéile agus ní mór mínmhothúlacht faoi leith agus géarthuiscint ar chúrsaí anó agus oilc ag plé lena leithéid. Níor cheart bac ar thuairisceoireacht ná ar thráchtaireacht ar chásanna dá shórt ná ar cheisteanna a eascraíonn óna leithéid, ach is ceart a bheith lán-aireach faoi ghéarmhothúlacht dhaoine maidir leo.

Nuair a bhíonn plé á dhéanamh ar chás inar tharla dúnmharú agus féinmharú in éineacht, tá tábhacht leis na poncanna breise seo a leanas:

- Bíodh an aird chuí againn ar chás fhinnéithe, íospartaigh nó dhaoine eile a gcuireann an dúnmharú agus féinmharú isteach orthu sula gcromtar ar aon chaidreamh a chothú leo;
- Bíonn an aird chuí againn ar an láthair atá i gceist (áras cónaithe, ionad oibre nó ionad oideachais);
- Sa chás go bhfaightear corp tuismitheora/caomhnóra in éineacht le corp linbh/coirp leanaí, ní bhaintear úsáid as téarmaíocht de leithéid "foul play is not suspected" an Bhéarla;
- Tapaítear foclaíocht de leithéid – 'níl aon duine eile á chuardach mar gheall ar ar tharla';
- Bítear ar an eolas gur tharla coir dúnmharaithe;
- Bítear cúramach mar is ceart i ndáil leis na cúiseanna a spreag an gníomh;
- Bítear aireach go bhféadfadh cur-i-gcás gan bhunús tionchar a imirt ar dhaoine eile atá i gcruachás agus gníomhartha féinmharaithe eile a spreagadh.

**Dualgas Éigeantach 15**

Ní mór aon chás ina mbeartaítear radharc lena mbaineann duine a chrochadh, féinmharú, iarracht ar fhéinmharú nó féindíobháil a léiriú a chur faoi bhráid phearsa sinsearach eagarthóireachta nó, sa chás gur léiriúchán neamhspleách atá i gceist, faoi bhráid an Eagarthóir Coimisiúnaithe.

## 10.2 Daoine Leochaileacha

D'fhéadfadh ó am go chéile go dtiocfadh duine leochaileach nó duine faoi anó i mbun caidrimh le RTÉ.

D'fhéadfadh deacracht agus castacht a bheith ag baint le cás ar bith den sórt sin, go háirithe nuair nach daoine atá oilte ar a leithéid atá ag plé leis an duine cráite. Sa chás go dtarlaíonn a leithéid seo, agus nuair is féidir é, ba cheart féachaint leis an duine a chur i mbun caidrimh leis na gníomhaireachtaí cuí ar fearr an seans go mbeidh ar a gcumas cúnamh a thabhairt. Tá sonraí comhfhreagrais agus eolas ar fáil ar: https://www.samaritans.org/ireland/about-samaritans/media-guidelines/media-guidelines-ireland/

Bítear cúramach freisin nuair a bhíonn léiriú, i saothar fíorasach nó ficsin, á dhéanamh ar mhí-ord de leithéid anoireicse nó búilime. Tuigtear go bhféadfadh daoine leochaileacha, agus go háirithe daoine óga, aithris a dhéanamh ar iompar a léirítear nó sampla a leanúint. Ba chóir a bheith cúramach agus lánfhreagrach maidir leis an ábhar agus a chinntiú go mbíonn sé oiriúnach do na daoine is dócha a fheicfidh nó a chloisfidh é. D'fhéadfadh, maidir le duine fásta leochaileach, go mbeadh gá le toiliú lán eolais ó dhuine freagrach chomh maith, mar shampla cúramóir nó comhairleoir gairmiúil.

Cuid 11

# Trácht ar Chúrsaí Polaitíochta agus ar Chúrsaí Toghcháin

Cuireann RTÉ deis thábhachtach don díospóireacht phoiblí ar fáil agus bítear ag súil dá réir sin go mbeadh RTÉ éagsúil le comhlachtaí eile de na meáin chumarsáide. Ba chóir réimse éagsúil tuairimí a bheith le feiceáil agus le cloisteáil ag an bpobal éisteachta, féachana agus léitheoireachta ar ardáin uile RTÉ. Ní mór RTÉ a bheith neamhchlaon sa láimhseáil a dhéantar ar dhíospóireacht polaitíochta agus ní mór go bhfeicfí go bhfuil RTÉ neamhchlaon.

### 11.1 Grúpa Stiúrtha RTÉ maidir le Toghcháin nó Reifrinn

Bíonn Grúpa Stiúrtha RTÉ faoi chathaoirleacht an Phríomh-Stiúrthóra agus bíonn daoine den lucht bainistíochta sinsearach maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Cláracha Raidió, Cláracha Teilifíse agus RTÉ Ar líne agus Digiteach ar an nGrúpa. Déanann an grúpa seo comhordú ar thrácht RTÉ ar fheachtais agus cinntítear go mbíonn tráchtaireacht fhoriomlán RTÉ cóir cothrom. (Féach freisin Aguisín 1).

### 11.2 Plé Stiúideo agus Plé Painéil

Féachann RTÉ le freastal do dhíospóireacht oscailte i rith tréimhsí toghcháin agus faoi cheisteanna atá ina n-ábhar spéise nó buartha ag an bpobal. Sa chás go dtugtar cuireadh do pholaiteoirí agus/nó d'aíonna eile páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí stiúideo ar an teilifís nó i ndíospóireachtaí ar an raidió a ndéantar sruthchraoladh orthu:

- Iarrtar orthu gan suaitheantais, comhartha ná siombail a chaitheamh a bhaineann le hábhar díospóireachta nó conspóide poiblí mura bhfuil plé/díospóireacht le déanamh ar an ábhar sin ar an gclár agus deis á thabhairt tuairimí atá in aghaidh a chéile a phlé. Déantar seo ar mhaithe le clú neamhchlaontachta RTÉ i measc an lucht féachana a choinneáil;
- Admhaítear go bhfuil de chead ag aíonna polaitíochta agus aíonna eile, ach a bheith ciallmhar ina leith, suaitheantais, comharthaí agus siombail toghchánaíochta nó feachtasaíochta a chaitheamh nuair is ar ábhar na gcomharthaí sin atá plé á dhéanamh;
- Iarrtar comhoibriú ina leith sin, go háirithe i gcás ionadaithe tofa agus comhlachtaí ionadaíochta. I ngach cás, níl dul thar bhreith an Eagarthóra / Léiritheora lena mbaineann i ndáil lena gceadaítear agus is féidir leo diúltú cead isteach sa stiúideo a thabhairt d'aoi má mheastar nach bhfuil na suaitheantais, comharthaí nó siombail inghlactha.

### 11.3 Trácht ar thoghchán nó ar reifreann

Nuair a chuirtear tús le feachtas toghcháin agus/nó reifrinn, cloífidh RTÉ le Treoirlínte Riail 27 an Údaráis Craolacháin, a mbeidh teacht orthu tríd an Hub, agus seolfar fógra Comhairle chuig gach ball foirne i ndáil leis an tráchtaireacht agus le hábhar a fhoilsítear. Nuair a bhíonn feachtas ar bun:

- Cuirtear monatóireacht fhoirmeálta ar siúl maidir leis an ábhar a fhoilsíonn RTÉ ionas go mbíonn eolas cruinn ar fáil ag an nGrúpa Stiúrtha i rith an fheachtais;
- Féachtar leis an gcothromaíocht a chinntiú taobh istigh de shnáthanna éagsúla cláir. Cé nach móide gur féidir sin i ngach cás, beidh iomlán na tráchtaireachta ar RTÉ cóir cothrom i ndáil le gach réimse leasa;
- Nuair a tharlaíonn rudaí gan choinne (e.g. sa chás go dteipeann ar iarrthóir a theacht chuig agallamh nó go gcliseann ar cheangal teicniúil), cinntítear go gcuirtear sin in iúl don Ghrúpa Stiúrtha;
- Glactar leis go dtarlóidh ó am go chéile tábhacht níos mó le hábhar spéise ó thaobh Nuachta ná le ceisteanna cothroime maidir le ham craolta agus aird ar réimse iarrthóirí;
- Cuirtear an Grúpa Stiúrtha ar an eolas am ar bith a dtarlaíonn sin ionas gur féidir a dtiocfadh dá thoradh a mheas.

### 11.4 Pobalbhreitheanna agus Suirbhéanna

D'fhéadfadh go léireofaí go raibh torthaí Phobalbhreitheanna cruinn ach, ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh go mbeadh gnéithe tábhachtacha ina leith míchruinn. Ar an ábhar sin, ní mór aon tráchtaireacht a dhéanann RTÉ ar aon phobalbhreith faoi leith a mheas go cúramach ionas go seachnaítear aon tuar nó tairngreacht dearfa a chur in iúl. Ní mór an lucht féachana, éisteachta nó léitheoireachta a chur ar an eolas faoi na srianta a bhaineann le pobalbhreith, mar shampla an lámháil earráide, na srianta a ghabhann le modh oibre na pobalbhreithe, cora a bhféadfadh cur isteach a bheith acu ar thuairimí an phobail an tráth a raibh an obair allamuigh á déanamh don phobalbhreith nó ó shin i leith agus ceisteanna maidir leis an réimse tíre (má bhaineann le hábhar).

# Trácht ar Chúrsaí Polaitíochta agus ar Chúrsaí Toghcháin
**Ar Lean**

### 11.5 Tuairisc a thabhairt ar thorthaí pobalbhreithe:

- Níor cheart tús a chur le feasachán nuachta ná le clár le torthaí pobalbhreithe mura mbaineann sin le cor suntasach i gcúrsaí polaitíochta;
- Féachtar le tuairisc ar thorthaí pobalbhreithe a lua i gcomhthéacs pátrúin, go háirithe
- nuair a bhíonn tuairisc á thabhairt ar phobalbhreith faoin mbealach a bhfuil i gceist ag daoine vótáil. D'fhéadfadh torthaí na bpobalbhreitheanna móra ar fad le tamall anuas a bheith i gceist le pátrún nó nach bpléifí le haon rud ach an t-athrú ar thorthaí pobalbhreitheanna arna rith ag an aon dream amháin. Ba cheart a bheith thar a bheith cúramach le torthaí pobalbhreithe a théann in aghaidh na bpátrún gan aon mhíniú soiléir air sin;
- Níor cheart foclaíocht a úsáid a thabharfadh le fios go bhfuil torthaí pobalbhreithe níos iontaofa ná mar a bheadh dáiríre. Mar shampla, deirtear go mbeadh rud "*le tuiscint*" ó phobalbhreitheanna nó go mb'fhéidir go raibh torthaí pobalbhreithe ina "*leideanna*", ach ní deirtear riamh "*go gcruthaítear*" ná "*go léirítear*" aon ní leo;
- Níor cheart go hiondúil dul i dtuilleamaí mhíniú ar thorthaí pobalbhreithe a thugann an eagraíocht nó an foilseachán a rinne nó a choimisiúnaigh an phobalbhreith;
- Ba cheart tuairisc a thabhairt ar eagraíocht a rinne an phobalbhreith agus ar an eagraíocht nó ar an bhfoilseachán a choimisiúnaigh í, chomh maith leis na ceisteanna, na torthaí agus méid an tsampla. Ba cheart de ghnáth tuairisc a thabhairt ar dhátaí na hoibre allamuigh agus aird a tharraingt ar imeachtaí idir an dá linn a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith imeartha acu ar thuairimíocht an phobail ón tráth ar reachtáladh an phobalbhreith;
- Ba cheart tuairisc a thabhairt ar an lámháil earráide measta maidir le pobalbhreitheanna faoin mbealach atá i gceist ag daoine vótáil;
- Bíonn aird ag RTÉ ar chineál na heagraíochta a reachtáil pobalbhreith; ar an modh oibre a cuireadh in úsáid agus ar bhallraíocht nó chomhaltacht na heagraíochta i gcomhlacht aitheanta gairme agus socrú á dhéanamh cibé an bhfoilseoidh RTÉ torthaí pobalbhreithe.

Cuireann RTÉ deis thábhachtach don díospóireacht phoiblí ar fáil agus bítear ag súil dá réir sin go mbeadh RTÉ éagsúil le comhlachtaí eile de na meáin chumarsáide. Ba chóir réimse éagsúil tuairimí a bheith le feiceáil agus le cloisteáil ag an bpobal éisteachta, féachana agus léitheoireachta ar ardáin uile RTÉ.


Clock
Intro
Track Duration
Outro
00:01:11
16:28:49
00.0
00:00.0
00.0
01:19
Break 16:40:00
Incue DRIVE TIME_JINGLE SEP
Start

## Cuid 12

# Díobháil agus Déistin

Nuair a bhíonn baol go gcuirfeadh cuid áirithe den ábhar déistin ar dhaoine den lucht féachana nó éisteachta, ba cheart cuspóir shoiléir eagarthóireachta a bheith leis an gcuid sin den ábhar agus is ceart fógra a thabhairt go soiléir ina leith roimh ré. Tagann ceisteanna maidir le Díobháil agus Déistin chun cinn le hábhar den sórt sin agus ceisteanna gaolmhara maidir leis an Tairseach ó thaobh an tráth craolta. Pléitear leis an Tairseach i gCuid 13.

D'fhéadfadh caint thréan, foréigean, gnéas, foréigean gnéis, uirísliú agus crá a bheith san áireamh le hábhar den sórt seo, chomh maith le masla do dhínit an duine agus gníomhartha nó caint leatromach. Bíonn tábhacht i gcónaí leis an gcomhthéacs.

### 12.1 Comhthéacs

- Tugtar san áireamh an t-ábhar eagarthóireachta ina thimpeall, an tseirbhís ar a gcuirtear an t-ábhar ar fáil agus an t-am a mbíonn sé ar fáil;
- Bíonn aird ar líon na ndaoine agus an réimse daoine is dócha a bheidh sa lucht féachana nó éisteachta agus an rud is dócha a mbeidh súil ag an lucht féachana nó éisteacha lena fheiceáil nó a chloisteáil;
- Bíonn aird ar an díobháil nó an déistin a d'fhéadfadh ábhar faoi leith a léiriú mar chuid den ábhar ginearálta a tharraingt, nó a léiriú mar chuid d'ábhar de chineál faoi leith;
- Tugtar san áireamh a oiread is féidir aird an lucht féachana ionchais a tharraingt ar chineál an ábhair, mar shampla trí fhógra a thabhairt agus eolas a thabhairt faoin ábhar roimh ré;
- Bítear aireach faoin gcaoi a bhféadfadh ábhar dul i bhfeidhm ar dhaoine sa lucht éisteachta nó féachana a thiocfadh trasna air gan choinne.

An tráth a mbíonn Díobháil agus Déistin á bplé, is tábhachtach an rud a thabhairt chun aire go n-admhaítear i g**Cód an Údaráis Craolacháin maidir le Caighdeáin Cláir** go bhfuil idirdhealú tábhachtach eatarthu.

Níl de cheart ag aon duine nach gcuirfí déistin air nó uirthi. Nuair a bhíonn réimse iléagsúil ábhair á chur ar fáil do lucht féachana agus éisteachta iléagsúil, tá i ndán go gcuirfear déistin ar roinnt daoine. Tá suibiachtúlacht i gceist le déistin agus ní mar a chéile an tuairim a bheidh ag daoine éagsúla. Níl gné na suibiachtúlacht i gceist le díobháil ar an gcuma chéanna. Tá "toradh" nó "éifeacht" i gceist – táthar ag caint ar ábhar a bhféadfadh díobháil síceolaíochta nó díobháil colainne a theacht dá bharr, .e.g. stróbshoilse nó grianghrafadóireacht splaince gan rabhadh roimh ré ina leith.

### 12.2 Iléagsúlacht

Tá daoine agus dreamanna i ngach sochaí atá leochaileach agus ar dócha nach ndéantar an dóthain ionadaíochtaorthu i gcúrsaí craoltóireachta mura ndéanann lucht déanta cláir beart faoi leith d'fhonn a chinntiú go mbíonn cead cainte acu. Tuigeann RTÉ freisin gur gá meas a léiriú ar réimsí iléagsúla de mhuintir na hÉireann.

Ní mór don uile dhuine a oibríonn maidir le cláracha a dhéanamh agus ábhar a chruthú a dtiocfadh ceisteanna maidir le Díobháil & Déistin chun cinn leo, eolas a chur ar a bhfuil i gCód an BAI um Chaighdeáin Chlár.

Dírítear aird go háirithe ar Phrionsabal 3 (Cosaint ó Dhíobháil) agus ar Phrionsabal 5 (Meas a léiriú ar Dhaoine agus ar Ghrúpaí sa tSochaí).

Is ceart an t-alt seo a leanas faoi **Phrionsabal 5** a thabhairt chun suntais: *"Ceadaítear díospóireacht dhaingean, is é sin, cur in aghaidh toimhdí, ach ní dhéanfaidh ábhar cláir idirdhealú idir daoine nó grúpaí sa tsochaí a stiogmatú nó a thacú nó neamhaird a thabhairt air, go háirithe ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, ballraíochta den Lucht Siúil, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, míchumais, cineáil, náisiúntachta agus eitneachta nó reiligiúin."*

Tá cód an BAI um Chaighdeáin Chlár le fáil ar www.bai.ie

Tá straitéis RTÉ maidir le hIléagsúlacht agus Uilechuimsitheacht i straitéis na heagraíochta don tréimhse 2018-2022 le fáil ar an HUB.

## 12.3 Foclaíocht, Foréigean agus Gnéas

- Bítear aireach maidir leis an gcomhthéacs agus tuin na cainte i ndáil lena shocrú an mbeidh glacadh le caint thréan nó an measfar go bhfuil sí déistineach gan ghá;
- Admhaítear gur féidir caint thréan a bheith inghlactha nuair is gné dhílis den ábhar atá inti nó cuspóir nó éifeacht shoiléir i gceist léis mar chuid den chlár;
- Cinntítear go mbíonn cúis mhaith ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta le haon léiriú ar fhoréigean agus go dtugtar fógra ina leith;
- Déantar trácht ar eachtraí foréigin sa saol dáiríre, nó ar thoradh eachtraí foréigin, ar bhealach a shásaíonn an t-éileamh maidir le tuairisc mhacánta chruinn chomh maith le haird a thabhairt ar an mbaol go gcuirfí isteach ar an lucht éisteachta nó féachana tríd an gcomhthéacs agus ábhar gaolmhar a thabhairt san áireamh;
- Déantar go cúramach mothálach mar is ceart nuair a bhítear ag plé le radharcanna nó íomhánna den nóiméad a dtarlaíonn bás dhuine nó le híomhánna teanntaithe isteach ar mharbhán nó ar dhuine atá gortaithe go mór;
- Seachnaítear athúsáid as radharcanna foréigin i míreanna bolscaireachta ('promos') agus i gceannlínte taobh amuigh den chomhthéacs lena mbaineann siad nó mar ábhar samplach ag gabháil le hagallaimh;
- Cinntítear go mbíonn cúis mhaith ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta le haon léiriú ar ghnéas nó le cíoradh ar bith ar cheisteanna maidir le cúrsaí gnéis agus go ndéileáiltear leo go mothálach mar is cuí:
- Bítear aireach, maidir le hábhar a chraoltar níos deireanaí ná an Tairseach, faoin ngá le comhthéacs nuair a bhíonn léiriú díreach réadúil ar ghníomhartha gnéis agus cíoradh á dhéanamh ar théamaí agus ar cheisteanna ina leith;
- Bítear aireach cúramach mar is ceart maidir le lomnochtán a léiriú níos luaithe ná an Tairseach agus ní mór a bheith sásta go bhfuil cúis mhaith leis sin maidir leis an gcomhthéacs; bíonn gá le haire maidir le comhthéacs níos deireanaí ná an Tairseach chomh maith.

## 12.4 Tragóid

D'fhéadfadh gur ghá athrú ar sceidil teilifíse agus raidió mar gheall ar chás tragóideach nó go mbeadh gá leathanach ar shuíomh gréasáin a leasú nó, i gcásanna áirithe, a bhaint anuas:

- Coinnítear an t-ábhar faoi athbhreithniú ionas go dtugtar chun suntais aon ní a d'fhéadfadh, mar gheall ar chora nua, cur as do dhaoine mar gheall ar na caighdeáin a bhfuil glacadh go coitianta leo;
- Bítear cúramach agus athúsáid á bhaint as ábhar cartlainne i gcomhthéacs chothrom an tráth de bhliain ar tharla eachtraí móra tragóide nó foréigin.

## 12.5 Ainmhithe a láimhseáil

Sa chás go mbíonn ainmhí nó ainmhithe a láimhseáil i gceist le scannánaíocht a dhéanamh;

- Bítear cinnte go gcaitear mar is ceart le gach ainmhí, leis an aird iomlán is ceart ar shábháilteacht an lucht foirne, agus go maolaítear oiread agus is féidir aon bhaol go dtarlódh díobháil nó drochíde d'ainmhí
- Bíonn an aird chuí ar fhorálacha na reachtaíochta agus ar na treoirlínte reatha maidir le leas ainmhithe. Is féidir comhairle shainiúil a fháil ón oifig Sláinte agus Sábháilteachta.

## 12.6 Hiopnóis, Deamhandíbirt, Asarlaíocht agus Aduaine, Ólachán, Tobac, Mí-úsáid Tuaslagóirí agus Drugaí Mídhleathacha agus ábhar eile dá sórt

- Bítear cúramach maidir leis an léiriú ar ábhar den sórt seo.
- Tá de dhualgas orainn gan ábhar díobhálach a nochtadh don lucht féachana agus éisteachta;
- Ní chuirtear cuma mhealltach tharraingteach ar mhí-úsáid alcóil; ar dhrugaí mídhleathacha; ar mhí-úsáid tuaslagóirí ná ar chaitheamh tobac;
- Cuirtear eolas leordhóthanach ar fáil, Línte Cabhrach san áireamh, ionas gur féidir le daoine den lucht féachana agus éisteachta rogha lán eolais a dhéanamh.


Mic 1
SOFT
PREVIEW
ON
OFF
Mic 2
SOFT
ON

Cuid 13

# An Tairseach (Ama) agus Sceidil don Teilifís, don Raidió agus Ar Líne

Níl aon Tairseach i gceist maidir le hábhar Ar Líne nó ábhar Ar a Éileamh. Nuair is cuí, ba cheart go mbeadh an t-ábhar ar na hardáin sin ag teacht faoi scáth na bprionsabal ginearálta a leagtar amach sna Treoirlínte seo.

Tagann cláracha fíorasacha agus cláracha neamhfhíorasacha, mar shampla cláracha faisnéise, cláracha cainte, cláracha réadúlachta, cláracha grinn agus drámaíochta i gceist maidir le hábhar cláir.

## 13.1 Sceideal Teilifíse

Ní mór socruithe maidir le sceidil teilifíse a dhéanamh sa chaoi is go mbíonn cothromaíocht idir cosaint do dhaoine óga, go háirithe cosaint do leanaí, agus an ceart atá ag an lucht féachana uile, teaghlaigh nach bhfuil leanaí iontu san áireamh, réimse iomlán ábhair a bheith ar fáil dóibh gach tráth den lá. Is ón Tairseach ag a 9 i.n. a thosaítear ar athrú go dtí ábhar atá dírithe níos mó ar dhaoine fásta.

- Ba cheart an t-ábhar is troime a chur níos deireanaí sa sceideal;
- Fógraítear roimh ré má tá ábhar gnéis, foréigin nó caint thréan;
- Cuirtear chuig ábhar 'beo' agus ábhar ar a éileamh ar RTÉ Player ar an mbealach céanna;
- Tugtar fógra arís, más gá, tar éis briseadh fógraíochta;
- Bítear cúramach maidir leis an am sa sceideal a dtaispeántar Míreanna Bolscaireachta ('Promos') ina bhfeictear ábhar do dhaoine fásta;
- Déantar fógra iarchraolta, nuair is cuí sin, chun daoine den lucht féachana a bhféadfadh an t-ábhar dul i gcion orthu a threorú chuig www.rte.ie/helplines nó acmhainní eile a mbeadh sonraí comhfhreagrais ar fáil iontu maidir le grúpaí cúnta.

## 13.2 Nuacht Teilifíse

Ar lucht féachana daoine fásta a bhíonn an Nuacht dírithe. Fágann cineál an ábhair a bhíonn ina scéal nuachta nach féidir i gcónaí ábhar a d'fhéadfadh cur as do roinnt den lucht féachana roimh an Tairseach a sheachaint. Nuair is cuí sin, is ceart eolas soiléir tráthúil a thabhairt sula dtaispeántar íomhánna cráiteacha.

## 13.3 Sceideal Raidió

Níl Tairseach i gceist leis an Raidió. Ba cheart socruithe sceidil a bhunú ar an ní a mbíonn súil leis ag an lucht éisteachta maidir le gach seirbhís raidió faoi leith agus aird a thabhairt ar an eolas atá againn faoi na tráthanna is mó a mbeidh leanaí i measc an lucht éisteachta. Ní mór cúram breise a dhéanamh, agus fógra roimh ré a thabhairt maidir le hábhar anróiteach, nuair a d'fhéadfadh daoine d'aoisghrúpaí éagsúla a bheith ag éisteacht in éineacht.

## 13.4 Sceideal craolta Fhógraí agus Mhíreanna Bolscaireachta do Chláracha

Ní mór a bheith cúramach maidir leis an am a gcraoltar míreanna bolscaireachta nó fógraí nach bhfuil oiriúnach don lucht féachana ginearálta, leanaí san áireamh. Ba cheart go mbeadh míreanna bolscaireachta agus fógraí a chraoltar sa sceideal ag an am le cláracha atá dírithe ar leanaí nó ag am ar dócha go mbeadh leanaí ag féachaint ar an teilifís nó in éineacht le hábhar ar líne a tharraingeodh aird leanaí, oiriúnach don lucht féachana sin.

Ní mór socruithe maidir le sceidil teilifíse a dhéanamh sa chaoi is go mbíonn cothromaíocht idir cosaint do dhaoine óga, go háirithe cosaint do leanaí, agus an ceart atá ag an lucht féachana uile, teaghlaigh nach bhfuil leanaí iontu san áireamh, réimse iomlán ábhair a bheith ar fáil dóibh gach tráth den lá.

## Cuid 14

# Cuntasacht

### 14.1 Freagracht Ghinearálta

Is craoltóir seirbhíse poiblí le cistí poiblí é RTÉ agus táthar, dá réir sin, freagrach go hiomlán as an obair a dhéantar agus, nuair a éilítear orainn é, ní mór a bheith ullamh chun socruithe eagarthóireachta a mhíniú agus cúis mhaith a lua le hord tábhachta a socraítear air. Tá RTÉ dúthrachtach maidir le freagra lánbhrí a thabhairt ar gach gearán a dhéantar maidir le clár nó ábhar nó gné ar bith eile de thoradh ár gcuid saothair.

### 14.2 Déileáil le Gearáin

Tabharfaidh RTÉ freagra ar gach gearán dlisteanach in imeacht ceithre seachtaine. Ar an Eagarthóir/Léiritheoir atá i gceannas ar an obair léiriúcháin/clár atá freagrach as freagra a thabhairt ar an ngearán. Cuirfidh na foirne léiriúcháin gearáin dhlisteanacha faoi bhráid na mbainisteoirí eagarthóireachta/léiritheoirí lena mbaineann agus faoi bhráid an Cheannasaí Caighdeán Eagarthóireachta agus Comhlíontais, sula seoltar aon fhreagra.

### 14.3 Ceartúchán, Soiléiriú nó Leithscéal a Chraoladh

Is cuma cé chomh cúramach agus a bhítear i mbun cláir a ullmhú, tarlaíonn amanna ar gá filleadh ar ábhar agus soiléiriú a thabhairt nó ceartúchán a dhéanamh maidir lenar craoladh cheana. Is iondúil gur fearr gníomh pras dár ndeoin féin chun earráidí suntasacha a cheartú ná a bheith sa chás inar gá déileáil le gearán tráth is faide anonn.

#### Dualgas Éigeantach 16

**Soiléiriú nó Leithscéal**

Soiléiriú: Má tá i ndán ar chor ar bith go dtiocfadh ceisteanna dlí chun cinn mar gheall ar an gcraoladh tosaigh nó ar an soiléiriú, ní mór don lucht déanta clár comhairle a ghlacadh ar an gcéad dul síos lena gcuid bainisteoirí eagarthóireachta. Ní foláir comhairle dlí a fháil sula n-aontaítear aon ní a chraoladh, ach amháin sa chás nach féidir sin a dhéanamh mar gheall ar phráinn. Sa chás go socraítear soiléiriú a chraoladh, ní mór a scripteáil agus a aontú roimh ré. Nuair is ábhar sách tromchúiseach atá i gceist, is ceart an soiléiriú a thaifeadadh seachas a chraoladh beo.

Leithscéal: Más gá leithscéal a ghabháil go foirmeálta mar gheall ar an gcraolachán tosaigh, ní mór aontú an lucht bainistíochta eagarthóireachta leis an ráiteas agus le craoladh an leithscéil agus ní foláir comhairle dlí a iarraidh. Ní mór, maidir leis an gcraoladh, aird ar thuin gutha agus ar bhealach cainte an té a léann an soiléiriú nó an leithscéal. Mura n-aontaíonn bainisteoirí sinsearacha eagarthóireachta lena mhalairt, ní mór an leithscéal a thaifeadadh roimh thráth a chraolta. Is iondúil gurb é an Roinn Láithreachais cuí a dhéanann an taifeadadh sin.

### 14.4 Freagracht i ndáil leis an Údarás Craolacháin

Tá RTÉ freagrach freisin go poiblí don Údarás Craolacháin agus **tá dlite ar RTÉ** déanamh de réir an Chóid maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha (a dtagann na Treoirlínte seo faoina anáil) agus aird a thabhairt ar an scéim maidir le Cead Freagra. Comhoibrítear o hionraic macánta leis an Údarás.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird sa chás is go seasfadh an BAI le gearán maidir le craolachán de chuid RTÉ go bhfuil dualgas orainn ráiteas a eisiúint faoin toradh. https://www.bai.ie/en/codes-standards/

### 14.5 Saoráil Faisnéise

Is comhlacht forordaithe RTÉ maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Ciallaíonn sin gur féidir taifid áirithe a iarraidh faoi scáth an Achta.

Ní mór gach dualgas a leagtar ar RTÉ faoin Acht a chomhlíonadh, go háirithe i bhfianaise cuntasacht agus trédhearcacht sa réimse poiblí á éileamh le hobair iriseoireachta agus eagarthóireachta na heagraíochta.

#### Dualgas Éigeantach 17

Sa chás go ndéantar iarratas maidir le Saoráil Faisnéise, ní mór cuidiú le hoifig Saoráil Faisnéise RTÉ maidir leis na taifid a iarrtar a chur ar fáil ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh an ceart taifid a scaoileadh agus cé na taifid is ceart a scaoileadh.

## Cuid 15

# Dliteanas faoin Dlí agus an Caidreamh le Gnóthaí Dlí

Tá méadú ag teacht ar an tionchar a bhíonn ag cúrsaí dlí ar ábhar de gach cineál a chraobhscaoileadh. Tá, go háirithe, an baol i gcónaí ag rith le cláir nuachta, cúrsaí reatha agus fíorasacha go ndéanfaí éileamh ar chúiteamh nó ar réiteach eile, e.g. ordú ceartúcháin, sna cúirteanna sibhialta. Tá an baol ann freisin go dtiocfadh dliteanas faoin dlí coiriúil chun cinn i ndáil le díspeagadh cúirte nó sárú ar shrianta faoin reachtaíocht a bhainfeadh le cás agus leis an tuairisceoireacht ina leith.

Tá i ndán go gcuirfeadh teip baol den chineál sin a thabhairt san áireamh agus beart a dhéanamh dá réir RTÉ agus/nó lucht déanta na gclár féin mar dhaoine faoi leith i gcontúirt dliteanais faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil.

### Dualgas Éigeantach 18

Ní mór d'eagarthóirí, d'iriseoirí agus do lucht déanta clár fío-rasach comhairle a iarraidh ar Ghnóthaí Dlí chomh luath agus is féidir nuair a thagann fadhbanna dlí i gceist nó nuair a cheap-tar go bhféadfadh deacracht dá shórt a theacht chun cinn.

Bíonn Gnóthaí Dlí ar fáil chun comhairle a thabhairt do lucht dé-anta clár agus cuidiú leo nuair a thagann fadhbanna agus ceiste-anna chun cinn den chéad uair. Tá ríthábhachtle comhthéacs. Ba cheart comhairle a iarraidh go tráthúil agus oiread eolais agus atá ar fáil a lua go cruinn mionsonraithe leis an iarratas.

Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha an cás a thabhairt chun aire an cheannasaí seánra nuair a thagann ceist dlí chun cinn.

### Dualgas Éigeantach 19

Ní mór comhfhreagras nó cumarsáid ar bith ó dhlíodóirí atá ag feidhmiú thar ceann rannpháirtithe i gclár nó duine nó eagraíocht is ábhar do chlár a chur ar aghaidh chuig Gnóthaí Dlí maidir lena mheas agus comhairle a fháil ina leith. I gcás chumarsáid i scríbhinn ó ionadaí dlí dhuine nó chomhlacht a bhfuil beartaithe iad a lua i gclár, is iad Gnóthaí Dlí a dhéanfaidh déileáil leis sin (i gcomhairle leis an duine den lucht déanta clár lena mbaineann agus leis an eagarthóir cuí).

Bíonn dóthain ama de dhíth freisin ar chomhairleoirí dlí chun an leagan garbh de chlár a mheas. Tá de riail ghinearálta i gceist, maidir le clár faisnéise fadtuairisce is faide ná 30 nóiméad, gur gá an chéad ghearradh garbh agus dréacht de script (atá ag gabháil leis an leagan sin) a chur ar fáil do Ghnóthaí Dlí ar a laghad 3 lá roimh aon chruinniú taispeántais agus plé in éineacht leis an meitheal léiriúcháin. I gcás mhíreanna idir 15 agus 30 nóiméad ar fhad, ní mór script agus leagan garbh (maille le hoiread eolais agus is féidir) a chur ar fáil dhá lá roimh chruinniú taispeántais. I gcás mhíreanna idir 5 agus 15 nóiméad ar fhad, ba cheart eolas a chur ar fáil do Ghnóthaí Dlí chomh luath agus is féidir agus ba cheart go dtarlódh an chéad chruinniú faoi mhioncheisteanna dlí roimh an lá atá beartaithe don chraoladh. Pléifear le míreanna nuachta agus le míreanna eile a bhfuil cúinsí eisceachta ag baint leo ar an lá a bhfuil siad le craoladh ach ní mór leide chomh luath agus is féidir go mbeidh comhairle dlí ag teastáil ina leith. **Is é is buntábhachtaí go n-iarrtar comhairle dlí mar is ceart i rith gach céim den phróiseas léiriúcháin**.

### Dualgas Éigeantach 20

Ní mór aon chás ina mbíonn á bheartú dul ar aghaidh le clár nó le tuairisc ainneoin comhairle dlí go mbainfeadh baol suntasach nó tromchúiseach leis sin a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus faoi bhráid an Stiúrthóra Ábhair.

Má tharlaíonn, tar éis an cheist a mheas, go mbeadh á bheartú ag an Stiúrthóir lena mbaineann an clár nó an tuairisc a chraoladh, ní mór dóibh aird an Phríomh-Stiúrthóra a tharraingt ar an gcás agus an chúis i bhfabhar chraoladh an ábhair a chur i láthair i scríbhinn. Cuirfidh Gnóthaí Dlí measúnacht baoil i scríbhinn ar fáil don Phríomh-Stiúrthóir. Is leis an mBainisteoir Stiúrtha cuí, ina dhiaidh sin féin, an cinneadh craoladh an ábhair a údarú nó a dhiúltú.

Tharlódh cásanna freisin ina bhfágfadh tráchtaireacht chruinn, chothrom, neamhchlaonta ar mhaithe le leas an phobail go bhféadfaí a bheith i gcoinbhleacht leis an dlí. Nuair a thagann cás den sórt sin chun cinn, ní mór na ceisteanna seo a leanas a mheas:

- tionchar an dlí
- an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh an dlí ar RTÉ
- an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh an dlí ar na daoine lena mbaineann an cás

### Dualgas Éigeantach 21

Ní mór aon chás ina mbíonn gnó á bheartú, a bhféadfadh go dtarlódh sárú ar an dlí lena linn ar mhaithe le leas an phobail, a chur faoi bhráid an Stiúrthóir lena mbaineann sé agus ba cheart don Stiúrthóir dul i gcomhairle le Gnóthaí Dlí.

Tá nótaí maidir le comhairle ginearálta dlí faoi Dhea-chlú a Chosaint / Dlí an Chlúmhillte, Díspeagadh Cúirte, Srianta faoin Reachtaíocht a bhaineann le Tuairisceoireacht agus Dlí an Phríobháideachais ar fáil ar an Inlíon RTÉ.

## Cuid 16

# RTÉ agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Baineann an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí le faisnéis ar bith i ndáil le duine beo inaitheanta. Is iad na foinsí is tábhachtaí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht na bliana 2018). Is foinse eile dlí atá i ndlí an phríobháideachais in Éirinn faoina gcosnaítear príobháideachas dhaoine agus chorparáidí.

Tá dlite ar an uile dhuine a dhéanann ábhar a chruthú eolas a chur ar a bhfuil i dTreoirlínte RTÉ maidir le Cosaint Sonraí. Tá na treoirlínte le fáil ar an HUB.

Faoin Rialachán GDPR agus Acht na bliana 2018, tá cosaint shuntasach ag cearta agus saoirse an duine trí chód dlí lena mbaineann rialtóir neamhspleách. An Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an rialtóir in Éirinn agus tá de chumhacht ag an gCoimisiún fíneáil shuntasach riaracháin a ghearradh sa chás go sáraítear an dlí maidir le sonraí a chosaint.

### 16.1 Prionsabail

Go ríbhunúsach, is é a éilítear faoin Rialachán GDPR go gcloíonn rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí (lena n-áirítear RTÉ agus iriseoirí agus lucht déanta cláracha RTÉ) le prionsabail áirithe.

I ndáil le sonraí pearsanta:

- Cinntítear gur ar mhaithe le cuspóirí sonracha, sainiúla, dlisteanacha a chruinnítear iad agus nach ndéantar próiseáil bhreise orthu seachas mar atá ag teacht leis na cuspóirí sin;
- Coinnítear slán sábháilte iad mar is ceart ionas nach mbíonn teacht go mídhleathach nó gan údarás orthu agus nach dtarlaíonn a scrios nó a milleadh de thimpiste (Prionsabal na Slándála);
- Déantar an phróiseáil orthu de réir an dlí, go cóir cothrom agus ar bhealach neamhcheilte;
- Cuirtear srian le húsáid sonraí seachas mar is gá i ndáil leis na cuspóirí atá lena gcruinniú;
- Ní choinnítear sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá;
- Déantar sonraí pearsanta lena mbaineann míchruinneas a cheartú nó a scrios.

Ní mór do RTÉ, mar rialaitheoir sonraí, a bheith ábalta a léiriú go soiléir go ndéantar de réir na bprionsabal sin.

### 16.2 Cosaint sonraí agus cúrsaí iriseoireachta

Ní cheadaítear neamhchomhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí ach amháin sa chás, le haird ar an tábhacht atá leis an gceart maidir le saoirse tuairimíochta agus faisnéise i sochaí dhaonlathach, go dtiocfadh comhlíonadh agus sin trasna ar a chéile.

Ní fhoráiltear gur cás eisceachta glan uilechuimsitheach an iriseoireacht agus ní fhoráiltear d'aon díolúine ón dualgas maidir le sonraí a choinneáil slán. Mar shampla, d'fhéadfadh nach dtiocfadh trédhearcacht maidir le faisnéis faoi dhuine a chruinniú le cuspóir iriseoireachta ach is féidir cloí leis an gcoinníoll nach gcruinnítear níos mó faisnéise ná mar is gá don chuspóir iriseoireachta; agus déantar gach tráth an fhaisnéis a choinneáil slán sábháilte.

### 16.3 Sárú maidir le sonraí

Is sárú maidir le cúrsaí sonraí aon chás ina dtarlaíonn nochtadh, scrios, cailliúint, leasú nó ceadú sonraí pearsanta go neamhúdaraithe, go mídhleathach nó de thimpiste. Más dóigh leat gur tharla nó go bhféadfadh gur tharla sárú maidir le sonraí, féach Treoir RTÉ i ndáil le Sárú maidir le Sonraí [nasc anseo] agus cuirtear an cás in iúl gan mhoill d'Oifigeach Chosaint Sonraí RTÉ ag dpo@rte.ie.

#### Dualgas Éigeantach 22

Nuair a thagann Iarratas ó Dhuine is Ábhar Sonraí nó iarratas eile ar fhaisnéis de bhun an Rialachán GDPR, tá de dhualgas ar bhaill na foirne comhoibriú le hOifigeach Chosaint Sonraí RTÉ maidir leis na taifid a iarrtar a chur ar fáil ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh an ceart faisnéis nó taifid a scaoileadh agus, más ceart, an fhaisnéis nó na taifid a thagann i gceist. Tá dualgas docht rúndachta freisin ar gach duine a oibríonn do RTÉ nó thar ceann RTÉ i ndáil le hábhar ar bith a mbíonn teacht acu air. Tá cosc dian ar nochtadh neamhúdaraithe don tríú páirtí.


RTÉ NEWS NOW
LIVE: BUDGET 2
BUDGET 2013
NEWS EXCHANGE

## Cuid 17

# Comórtais, Duaiseanna agus Idirchaidreamh leis an Lucht Féachana agus Éisteachta

Tá iontaofacht ar an gceann is tábhachtaí de luachanna RTÉ. Beidh dá réir sin caidreamh macánta ionraic á chothú againn leis an lucht féachana agus éisteachta agus ní dhéanfar iad a mhealladh d'aon ghnó. An tráth a gcothaíonn daoine den phobal caidreamh le RTÉ trí bhearta idirghníomhaíochta, caithfear leo ar bhealach measúil, ionraic, cothrom.

### 17.1 Caighdeáin RTÉ

Ní mór idirghníomhaíocht leis an lucht féachana agus éisteachta a dhéanamh ar bhealach atá ionraic, cóir agus dleathach.

- Cinntítear gur buaiteoirí dáiríre a bhuann gach comórtas agus nach dtarlaíonn cumadóireacht ná réamhroghnú;
- Cinntítear go bpléitear go dianchúramach agus go hionraic le comórtais idirghníomhaíochta agus le vótáil;
- Cinntítear rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le gach comórtas agus beart vótála agus iad á gcur in iúl mar is cuí;
- Cinntítear go gcuirtear an lucht éisteacht agus féachana ar an eolas nuair nach mbíonn deiseanna idirghníomhaíochta ar fáil agus ábhar á athchraoladh, á chur ar fáil ar sheirbhís d'ábhar ar a éileamh nó ar sheirbhís atrátha eile, a raibh idirghníomhaíocht i gceist leis ar a chraoladh den chéad uair
- Cinntítear nach dtugtar tús áite do luachanna léiriúcháin ar na prionsabail seo.

Ní mór smacht ginearálta eagarthóireachta ag RTÉ i gcónaí ar chúrsaí idirghníomhaíochta nuair a bhítear ag obair i gcomhar páirtnéireachta le páirtithe eile.

### 17.2 Comórtais

Ní mór ionracas, trédhearcacht agus cothroime ag baint le gach comórtas, é a bheith dleathach an comórtas a reáchtáil agus cur síos cruinn ar na duaiseanna.

- Ní mór a chinntiú go mbíonn cuspóir shoiléir eagarthóireachta le comórtas agus dóthain acmhainní á gcur ar fáil ionas gur féidir é a reáchtáil mar is ceart.
- Ní mór a chinntiú go gcuirtear téarmaí agus coinníollacha, mar shampla an dáta deiridh iontrála etc., in iúl go soiléir don lucht féachana nó éisteachta agus go bhfágtar dóthain ama idir dheireadh an chomórtais agus fhógairt an toraidh agus gur féidir an toradh a dhearbhú
- Is ceart tástáil ar scil, ar eolas nó ar bhreithiúnas atá oiriúnach don lucht féachana nó éisteachta a bheith i gceist. Ní mór inniúlacht chuí a bheith de dhíth chun an comórtas a bhuachan má tá línte ardráta in úsáid do chomórtas nó d'fhéadfadh an comórtas a bheith mídhleathach.
- Leagtar síos critéir a bhfuil teacht go héasca orthu nuair atá painéal le moltóireacht a dhéanamh ar chomórtas;
- Ní mór neamhspleáchas eagarthóireachta RTÉ a chaomhnú

### 17.3 Duaiseanna

Sa chás go n-íocann RTÉ soláthraí ar an duais, níl urraíocht i gceist. Is urraíocht atá i gceist le duaiseanna a chur ar fáil do chlár raidió nó teilifíse. I gcás den sórt sin, sa chás gur airde luach na nduaiseanna ná suim a leagann an tÚdarás Craolacháin síos, d'fhéadfadh gur ghá fógra nó rabhadh maidir le Léiriú Táirge a chur ar taispeáint. Is ceart duaiseanna 'a bhronntar' a úsáid maidir leis an gcuspóir a bhí i gceist leo. Ní mór luach duaise a bheith ag teacht le cineál an chláir. Ní mór a bheith cúramach maidir leis an bhfoclaíocht agus an tuin chainte a úsáidtear maidir le duaiseanna. Ní féidir ábhar fógraíochta arna léamh ag láithreoir an chláir a bheith ag gabháil le duaiseanna arna gcur ar fáil gratis do RTÉ. Ní mór áiteamh áibhéileach faoi tháirge a sheachaint agus ní féidir a mholadh go dtugtar cuairt ar shiopa nó ionad díolacháin de chuid an tsoláthraí ná praghas an táirge a lua. Ní fhágann an cosc ar thagairt do phraghas an táirge nach féidir garluach na duaise a lua. Ní mór tuin chainte neodrach ag an láithreoir (i.e. níor cheart an chuma ar an scéal go bhfuil an láithreoir ag déanamh bolscaireachta maidir leis an táirge). Ní mór do na léiritheoirí a chinntiú nach bhfuil comhlachtaí ag baint úsáid as duaiseanna a chur ar fáil mar bhealach chun cosc/srianadh ar fhógraíocht ar an raidió agus an teilifís a sheachaint.

### 17.4 Seirbhísí Teileafóin

Baineann RTÉ úsáid ó am go chéile as línte teileafóin ardráta agus as seirbhísí téacs ardráta chun seirbhísí idirghníomhaíochta a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Bíonn línte vótála agus línte tuairimí i gceist. Tagann seirbhísí Glaonna Ardráta faoi rialáil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (Comreg). Ní mór an costas iomlán don úsáideoir a ghabhann le glao Ardráta (praghas in aghaidh an nóiméid nó praghas in aghaidh an ghlao). Ar an teilifís, ní mór eolas ina leith sin a fhágáil ar an scáileán ar feadh achar sách fada agus a thaispeáint ar bhealach sách soiléir agus gur furasta a léamh. Ba cheart fad an ghlao a choinneáil chomh gairid agus is féidir.

### 17.5 Cláracha do Leanaí

Sa chás gur dócha an lucht féachana nó éisteachta faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, is gá a rá gur cheart cead a iarraidh ar an té a íocann an bille. I gcás chláracha do leanaí ba cheart praghas an ghlao a bheith ar an gcuid is saoire den réimse praghasanna. Tá de riail ghinearálta i bhfeidhm nár cheart costas an ghlao a bheith níos airde ná mar a bheadh costas cur isteach ar an gcomórtas ar an bpost.

### 17.6 Athchraoladh

Ní mór féachaint lena chinntiú nach ndéanann daoine iarracht úsáid a bhaint as seirbhís glaonna Ardráta nuair atá sé rómhall i ndáil leis an gcuspóir a bheadh acu leis (e.g. má thagann deireadh leis an vótáil ag am faoi leith, ní mór an t-am sin a thaispeáint go soiléir nó an t-eolas a thabhairt i dtráchtaireacht forghutha, ionas go gcinntítear nach vótálann daoine nuair atá deireadh leis an vótáil). Ní mór cúram a dhéanamh, nuair a dhéantar athchraoladh, dá chinntiú go dtuigeann an lucht féachana gur athchraoladh atá ann agus go bhfuil deireadh cheana féin leis an vótáil. D'fhéadfadh go mbeadh gá le teideal ar an scáileán arna léiriú gur athchraoladh atá ann agus nach craoladh beo.

Baineann na coinníollacha seo ar an gcuma chéanna le cláracha arna léiriú go hinmheánach agus le cláracha coimisiúnaithe.

**Dualgas Éigeantach 23**

Ní mór gach cás ina mbeartaítear úsáid a bhaint as seirbhísí glaonna ardráta a aontú roimh ré le meitheal Idirchaidrimh agus Chomórtais RTÉ (PIC).

### 17.7 Seónna Cluichí agus Tráth na gCeist

Níor cheart go dtarraingeodh roghnú iomaitheoirí míchlú ar RTÉ. Ba cheart bearta réasúnacha a dhéanamh chun iomaitheoirí ar léir nach mbeidís oiriúnach a sheachaint.

Ba cheart caitheamh go macánta cóir le daoine den phobal a ghlacann páirt agus aird a bheith ar dhínit na rannpháirtithe. Ní mór iad a chur ar an eolas faoi na rialacha agus eolas soiléir a thabhairt dóibh de ghnáth faoina bhféadfadh tarlú dóibh agus faoina mbíonn súil ag RTÉ leis uathu.

Ba cheart na rialacha a chur in iúl go soiléir d'iomaitheoirí sula nglacann siad páirt i glár agus ba cheart dóibhsean a dheimhniú go nglacann siad leis na téarmaí rannpháirtíochta agus go dtuigeann siad iad.

Sa chás go bhfuil ábhar grinn i gceist lena gcuid rannpháirtíochta, ba cheart go mbraithfeadh an rannpháirtí go bhfuil an t-ábhar greannmhar seachas a cheapadh go bhfuil fonóid á dhéanamh faoi/fúithi. Ní mór cúram faoi leith a dhéanamh den obair seo nuair is gaolta nó cairde leis an iomaitheoir a chuir a (h)ainm chun cinn.

Níor cheart sláinte ná sábháilteacht iomaitheora ná rannpháirtí ar bith eile a chur i mbaol ar bith den suntas. Ní ceart a iarraidh ar rannpháirtí aon ní a dhéanamh a mbainfeadh baol báis leis. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh fhearr a thabhairt le fios go soiléir mar chuid den saothar críochnaithe go ndearnadh bearta cuí maidir le cúrsaí sábháilteachta.

*Tá mionsonraí breise ar fáil ar about.rte/contact/competition-voting*

Tá iontaofacht ar an gceann is tábhachtaí de luachanna RTÉ. Beidh dá réir sin caidreamh macánta ionraic á chothú againn leis an lucht féachana agus éisteachta agus ní dhéanfar iad a mhealladh d'aon ghnó.



## Cuid 18

# Fógraíocht, Urraíocht agus Léiriú Táirgí

Is craoltóir dhá fhoinse maoinithe RTÉ. Ó fhoinsí tráchtála a thagann tuairim is leath den teacht isteach.

Gnóthaíonn RTÉ ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht. Tá treoirlínte sonracha á leagan síos ag an Údarás Craolacháin maidir le fógraíocht, léiriú táirgí agus urraíocht agus ní mór gníomhú dá réir sin. Ní mór don lucht éisteachta agus don lucht féachana a bheith cinnte nár imir an lucht fógraíochta ná an lucht urraíochta tionchar ar ábhar cláir.

### 18.1 Urraíocht

Ní mór gach socrú urraíochta, maidir le cláracha a léirítear go hinmheánach agus cláracha coimisiúnaithe araon, a chomhordú le Rannóg Tráchtála RTÉ agus aontú Choiste Urraíochta RTÉ a bheith leis.

Níl cead ag léiritheoir, inmheánach nó neamhspleách, socrú conartha a cheangal le lucht urraíochta gan páirt ag an Rannóg Tráchtála sa bheartaíocht.

Tarlaíonn urraíocht ar bhealaí éagsúla. Is féidir le heagraíocht nó comhlacht tráchtála socrú faoi chonradh a aontú maidir le hurraíocht ar chlár nó ar shraith. I roinnt bheag cásanna, is féidir conradh faoi leith a aontú faoina gcuirtear sciar áirithe nó iomlán an chiste urraíochta le buiséad an chláir go díreach d'fhonn cur leis an gclár. I gcásanna áirithe, is féidir ioncam ó urraíocht a úsáid go díreach maidir leis an obair léiriúcháin a mhaoiniú.

Baineann sin le cásanna nach bhféadfaí an clár a dhéanamh murach ciste urraíochta a bheith ar fáil.

Ní féidir socrú den chineál sin a aontú gan toiliú rannóga ACM agus Ábhair leis, i gcomhar leis an Rannóg Tráchtála. Tá na treoirlínte céanna i bhfeidhm maidir le léiritheoirí neamhspleácha agus atá maidir le léiritheoirí inmheánacha. Tugtar chun aire nach féidir urraíocht a shocrú maidir le cláracha do leanaí nó cláracha creidimh ná maidir le cláracha nuachta agus cúrsaí reatha ar an teilifís.

Chomh maith le híocaíocht le RTÉ i gcúiteamh ar aitheantas urraíochta, is féidir le comhlachtaí tráchtála urraíocht comhchineáil a dhéanamh trí sheirbhísí nó earraí a chur ar fáil do chlár. Tá na treoirlínte céanna i bhfeidhm maidir le cás den sórt sin agus atá le socrú urraíochta a mbaineann íocaíocht airgid leis. Is ceart tairiscintí den chineál sin a chur faoi bhráid an choiste cuí lena gceadú.

Ní mór beartaíocht tráchtála a bheith ag teacht freisin le Creat Cóirthrádála RTÉ:

https://about.rte.ie/wp-content/uploads/2017/06/rte-fair-trading-policy-and-procedures.pdf

Tá Treoirlínte RTÉ maidir le hUrraíocht ar Ábhar Craolacháin ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ (www.rte.ie)

https://mediasales.rte.ie/planning/tcs-policies/rte-broadcast-sponsorship-guidelines/

### 18.2 Léiriú Táirgí

Tá cosc ar Léiriú Táirgí (i.e. táirge nó seirbhís a bheith ina chuid de chlár mar gheall ar íocaíocht ina leith sin) ach amháin sna cásanna eisceachta a cheadaíonn an tÚdarás Craolacháin. Ní mór cloí leis na Treoirlínte dochta faoi Chód Ginearálta an BAI maidir le Cumarsáid Tráchtála i ndáil le cásanna eisceachta.

Beidh cúis mhaith ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta le haon táirge a léiriú in ábhar cláir agus ní leagfar suntas iomarcach ar an táirge nó ar an tseirbhís.

Cuirfear in iúl go soiléir don lucht féachana agus éisteachta go bhfuil léiriú táirgí ar bun agus sonrófar clár ina bhfuil táirge á léiriú de réir mar is cuí.

Tá treoirlínte breise curtha le chéile ag an gCeannasaí, Comhlíontas Tráchtála, agus ní mór déanamh dá réir sin. Ní mór ábhar brandála ar líne nó ábhar ina bhfuil táirge á léiriú a mharcáil go soiléir i gcomhréir leis na treoirlínte.

Ní mór déanamh de réir chur chuige RTÉ maidir le fógraíocht, urraíocht agus léiriú táirgí agus ní mór gach cás ina dtagann comhlacht tráchtála nó eile chun tosaigh lena leithéid a phlé a chur faoi bhráid Rannóg Tráchtála RTÉ.

Féach freisin Cód Ginearálta an Údaráis Craolacháin maidir le Cumarsáid Tráchtála 2017:

www.bai.ie

## Aguisín 1

# Grúpa Stiúrtha RTÉ & Beartaíocht Polaitíochta

### 1(A) Ról Ghrúpa Stiúrtha RTÉ

Taobh amuigh d'fheachtais toghcháin/reifrinn, déileálann an Grúpa Stiúrtha freisin le ceisteanna a thagann chun cinn maidir le trácht ar chúrsaí polaitíochta in aon chuid d'ábhar RTÉ.

Ar cheann de na réimsí a bpléitear leis, tá iarratais ó chláracha nach cláracha nuachta/cúrsaí reatha aíonna polaitíochta a iarraidh ar an gclár.

Ní mór do chlár nach clár nuachta/cúrsaí reatha aon chás ina mbeadh i gceist agallamh a chur ar pholaiteoir a chur faoi bhráid an Stiúrthóir Ábhair lena aontú sula ndéantar aon bheart caidrimh ina leith. Sa chás go n-aontaíonn an Stiúrthóir Ábhair nó ionadaí ainmnithe cuí – e.g. Ceannasaí RTÉ Radio 1 – le cuireadh a thabhairt, cuirfidh an té sin Grúpa Stiúrtha RTÉ ar an eolas.

Ní mór aon iarratas ó chlár nach clár nuachta/cúrsaí reatha maidir le hagallamh a chur ar Uachtarán na hÉireann, ar an Taoiseach, ar an Tánaiste nó ar Cheannaire Páirtí, nó duine acu sin a thabhairt ar an gclár, a dhéanamh le Grúpa Stiúrtha RTÉ ar an gcéad dul síos.

I rith na tréimhse roimh thoghchán agus/nó reifreann, ní mór aon iarratas ó chlár nach clár nuachta/cúrsaí reatha maidir le hagallamh a chur ar pholaiteoir nó ar duine atá i mbun feachtasaíochta, nó duine den sórt sin a thabhairt ar an gclár, a dhéanamh go díreach le Grúpa Stiúrtha RTÉ.

Má bhíonn amhras de chineál ar bith maidir leis an tréimhse nó le stádas dhuine, ní mór dul i gcomhairle leis an Eagarthóir Stiúrtha cuí.

### 1(B) Treoirlínte faoi Dhíospóireachtaí maidir le Toghchán

#### (i) Formáid

- Ba cheart briseadh síos mionsonraithe ar fhormáid an chláir, lena n-áirítear roghnú an lucht éisteachta agus roghnú na gceisteanna, a chur i láthair an Ghrúpa Stiúrtha lena aontú;
- Ba cheart go mbeadh formáid an chláir bunaithe ar iarratais oscailte leis an gclár ó dhaoine den phobal.

#### (ii) Roghnú an Lucht Éisteachta

- Ba cheart go leagfaí amach go sonrach i bhformáid an chláir an bealach ina roghnófar an lucht éisteachta ionas go mbaineann cothromaíocht ó thaobh inscne, réigiúin agus tuairimíochta leis chomh maith leis an mbealach ina mbeidh daoine atá ag obair le feachtas toghchánaíochta le haithint agus an chaoi a gcaithfear leo sin.
- Ba cheart smaoineamh ar mhodhanna tríú páirtí maidir le hiarratais a chíoradh chun an chothromaíocht sin a thabhairt i gcrích, ach níl sé éigeantach modh den sórt sin a úsáid agus níor cheart go gceapfaí gur leor modhanna mar sin in áit bhreithiúnas stuama eagarthóireachta.
- Níor cheart cairde pearsanta dhaoine den mheitheal léiriúcháin a roghnú mar dhaoine den lucht éisteachta do chlár toghcháin.

#### (iii) Ceisteanna

- Ní mór an réimse ceisteanna a roghnaítear a bheith oiriúnach do na hionadaithe ar fad sa díospóireacht, ach is féidir breithiúnas eagarthóireachta a úsáid lena chinntiú go bpléitear mar is ceart le ceisteanna móra an toghcháin, trí cheisteanna breise a úsáid nó trí cheisteanna ón láithreoir.
- Ba cheart ábhar ceisteanna a chur faoi bhráid na foirne léiriúcháin i scríbhinn. Is féidir leis an bhfoireann sin leasú ar an gceist a phlé leis an té a chuirfeadh an cheist d'fhonn cinnteacht maidir le cúrsaí soiléire nó cúrsaí dlí, ach ní foláir an fhoclaíocht dheireanach a fhágáil faoin gceistneoir féin.
- Ní féidir i gcás ar bith ceisteanna arna gceapadh ag rannpháirtithe a thabhairt do dhaoine eile den lucht éisteachta lena léamh amach.
- Níor cheart go mbeadh daoine a chuireann ceisteanna ar chláir toghcháin ceangailte le páirtí polaitíochta ná le feachtas iarrthóra.

#### (iv) Maoirseacht Eagarthóireachta

- Ní mór do bhainisteoir eagarthóireachta sinsearach an clár mar a craoladh é, más réamhthaifeadta nó 'beo', a bhreathnú gan d'fheidhm leis an mbeart sin ach cinntiú go bhfuil, ó thaobh na heagarthóireachta de, polasaí RTÉ agus Cóid an Údaráis Craolacháin á gcomhlíonadh.
- Ní mór línte freagrachta soiléire maidir leis an gcraoladh a bheith i bhfeidhm an t-am go léir.

#### (v) Lucht Foirne agus Cúrsaí Oiliúna

- Ba cheart duine amháin den mheitheal léiriúcháin a cheapadh i mbun léiriú na díospóireachta go sonrach i rith na seachtainí roimh ré.
- Ba cheart aon bhearnaí maidir le taithí nó oiliúint i gcás an lucht foirne reatha ó thaobh ceisteanna eagarthóireachta, dlí agus comhlíontais a thabhairt chun suntais agus beart a dhéanamh mar gheall orthu. Ba cheart leasú a dhéanamh go rialta ar ábhar na seisiún oiliúna i ndáil leis an treoir agus an sárchleachtas is deireanaí.
- Ba cheart oiliúint tosaigh maidir le polasaithe agus gnáis RTÉ a chur ar fáil don uile dhuine nua ar an bhfoireann, daoine atá ar chonradh gearrthéarmach san áireamh.

# Aguisín 2

## 1 (C) Beartaíocht Pholaitíochta agus RTÉ

Tá aicmí áirithe de lucht foirne RTÉ nach gceadaítear dóibh páirt a ghlacadh i mbeartaíocht pholaitíochta. Ní chun srian a chur ar shaoirse vótála dhaoine den sórt sin a chuirtear an bac sin orthu ach d'fhonn deimhniú don lucht féachana agus éisteachta go bhfuil RTÉ oibiachtúil neamhchlaon. Is léir gur gá an chothromaíocht a choinneáil idir cearta an duine aonair agus freagracht na foirne. Áirítear ar na haicmí srianta sin nach ceadmhach dóibh páirt a ghlacadh i mbeartaíocht pholaitíochta:

- An Príomh-Stiúrthóir agus comhaltaí eile den Bhord Feidhmiúcháin, an Ceannasaí Caighdeáin Eagarthóireachta agus Comhlíontais, an Comhairleoir Straitéiseach don Phríomh-Stiúrthóir agus Ceannasaí Cumarsáide na Corparáide.
- Gach duine a bhaineann le trácht ar chúrsaí nuachta agus le hábhar cúrsaí reatha a chruthú, ar fud na n-ardán go léir.

Ní mór don lucht foirne a oibríonn in aicmí neamhshrianta a bheith stuama faoi bheartaíocht polaitíochta ionas nach dtarlaíonn aon choinbhleacht le dualgais RTÉ faoin reachtaíocht. Tá de choinníoll seirbhíse nár cheart d'aon duine rud ar bith a dhéanamh a tharraingeodh mí-chlú ar RTÉ. Tá na haicmí srianta i bhfeidhm maidir leis na craoltóirí uile gan bheann ar stádas conartha. D'fhéadfadh gur ghá srian a chur i bhfeidhm i ndáil le daoine a oibríonn do chomhlachtaí neamhspleácha ar chláracha arna gcoimisiúnú ag RTÉ chomh maith.

Tagann i gceist le beartaíocht pholaitíochta, ó thaobh sainmhíniú a thabhairt air sin, beartaíocht nach bhfuil gné phoiblí i gceist léi (mar shampla, oibriú mar chuid den fhoireann cúlseomraí do pháirtí polaitíochta). Ceadaítear beartaíocht pholaitíochta fhánach nach mbaineann le páirtithe polaitíochta, mar shampla páirt a ghlacadh i ngrúpaí áitritheoirí, grúpaí stocaireachta faoi chúrsaí timpeallachta, etc. Ba cheart a bheith cúramach ina dhiaidh sin féin nach ndéantar dochar ar bhealach ar bith do RTÉ.

Ní thagann lena leagtar de dhualgas neamhchlaontachta ar RTÉ faoin reachtaíocht go gceadófaí do dhaoine atá ag seasamh i dtoghchán oibriú do RTÉ i bpost a bhfuil freagracht eagarthóireachta ag dul leis.

Ní mór do dhaoine a oibríonn in aicmí srianta fógra a thabhairt don Phríomh-Stiúrthóir tríd an gCeannasaí Rannóige má tá de rún acu seasamh mar iarrthóirí i dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, Dáil Éireann, Seanad Éireann nó i dtoghchán áitiúil. Pléifear le haon fhógra den sórt sin i gcomhréir le gnáis oibre RTÉ.

## 1. Is iad seo a leanas na comhaltaí ar Bhord Caighdeán Eagarthóireachta RTÉ i mí Eanáir 2020:

- Brian Dowling, Ceannasaí, Caighdeáin Eagarthóireachta & Comhlíontas (Cathaoirleach)
- Hilary McGouran, Leas-Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha
- Tom McGuire, Ceannasaí RTÉ Radio 1 *
- Eleanor Bleahene, Aturnae RTÉ & Ceannasaí, Gnóthaí Rialacháin
- Colm O'Callaghan, Eagarthóir Coimisiúnaithe, Cláracha Fíorasacha Speisialta
- Aoife Byrne, Ceannasaí, RTÉ Ar Líne

*Amhail Iúil 2020, tá Peter Woods tagtha i gcomharbacht ar Tom McGuire ina Cheannasaí ar RTÉ Radio 1 agus tá sé ina chomhalta chomh maith anois ar Bhord Caighdeán Eagarthóireachta RTÉ.

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte